

PLÉARÁCA '97



Agallamh le
hÉamonn Ó Cuív

Clár na Féile

Torthaí na nGeallta

Bád Chonroy

Tuairimíocht

Grianghrafanna

Séamas Ó Cualáin

Boscaí na
Gaeltachta
san Olltoghchán

£1

Raidió na Gaeltachta

ar fud na tíre

Cúrsaí Reatha, Nuacht, Spórt,
Cláracha agus scoth an Cheoil
ó 0800 go dtí 1930

gach lá den bhliain

FM 92-94 agus EM 102.7

ar fud na tíre.

RTÉ

Eagarthóir na hIrise:

Donncha Ó hÉallaithe

Cúntóir Eagarthóireachta:

Brian Ó Cróinín

Buíochas:

Tá an fhoireann eagarthóireachta an-bhuíoch do na daoine seo leanas Meta Uí Mháille. Máire Áine Ní Chuaig. Orla Ní Chonaire. Máire Jane Céitinn. Ruaidhrí Ó Tuairisg a thug cúnamh mór leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach; Risteárd Mac Aodha. Pádraig Ó Héalaí. Seosamh Ó Cuaig, Bob Quinn. Séamas Ó Cualáin, Tommy Standún. Pádraig Seoighe. Diarmuid Johnson a scríobh altanna dúinn. agus Seosamh Ó Guairim a chur dánta ar fáil.

Tá muid go speisialta buíoch do Phaddy Barry a thug eolas agus neart grianghrafanna den St Patrick dúinn; agus Cóilín Ó hIarnáin, Jimmy Tony Ó Nia (Ros Muc), Pádraig Ó Máille (An Cheathrú Rua) a thug eolas breise dúinn faoi.

Tá muid buíoch don Aire Stáit Éamonn Ó Cuív as an t-am a thabhairt le haghaidh an agallaimh.

Thug Jack Mahon (Gaillimh) agus Seán Ó Riagáin (Cill Riacaill) seanghrianghrafana de Lionaird Mac Craith dúinn.

Tá buíochas ag dul chomh maith do fhoireann CHLÓDÓIRÍ LURGAN a thug gach cúnamh dúinn. B'é Caomhán Ó Scoláir a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris. Micheál Ó Braonáin a chinntigh gur tháinig sé amach in am.

Sé an eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca.

Táimid fíor bhuíoch dár bhfógróirí a chur ar ár gcumas praghas na hIrise a choinneáil ag £1 agus do Bhrídgíe Ní agus do Bhrídgíe Uí Fiannachta a thug cúnamh le bailiú na bhfógraí.

Coiste Eagaraithe Phléaráca Chonamara '97:

Treasa Ní Mhaoileoin (Ros a' Mhil) - An Cathaoirleach
Máiread Ní Mhócháin (Na hOileáin)
Máire Bn. Uí Chonghaile (Ros Muc)
Máire Bheibigh (Camus)
Pádraigín Bheibigh (Camus)

Triona Uí Chonghaile (Na hOileáin)
Máiread Ní Chualáin (Na hOileáin)
Peigín Ní Chonghaile (Muintearas)
Réamonn Ó Mainnín (Ros Muc)
Risteárd Mac Aodha
Micheál Mac Donncha (An Cheathrú Rua)
Mandy Uí Mhurchú (An Cnoc)

Tá an Coiste Eagraithe an Fhéile an-bhuíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh dúinn imeachtaí a reachtáil:
Liam Mac an Iomaire.
Martina Goggin (An Spidéal)
Bob Quinn (Cinegae)
Miriam Allen (Fleadh Scannán na Gaillimhe)
Máire Ní Chonláin (GaelMedia)
Pádraig Ó hAoláin (Údarás na Gaeltachta)
Máirtín Jaimsie (Raidió na Gaeltachta)
Máirtín Tom Shéainín (RnaG)
Máirtín Mac Donncha (RnaG)
Séamas Mac Donncha (RnaG)
Seosamh Ó Cuaig (Cill Chiaráin)
Maití Joe Shéamais Ó Fátharta
Kate Ní Dhonncha (TCA)
Tarlach O'Connor
TnaG

Óstán na Ceathrú Rua
Halla Chamuis
Coiste Pobail Ros Muc
Máirtín Ó Briain (Cladhnach)
Seosamh Ó Giobúin (Camus)
Seán Leainde
Coiste Spóirt Chamuis
Na báidóirí agus na hiomróirí go léir a thógann páirt sa bhféile Muintearas na nOileán
Ord Malta & Na Gardaí
Séan Mac Donncha (Cumann na Húicéirí)
JJ Ó Nia (Caiseal)

Pádraig de Bhailís (An Sruthán)
Stiofán Ó Griofa
Peter Phádraig Pheter Ó Conghaile
Páid Breathnach (An Cnoc)
Connie Mac Donncha (An Cheathrú Rua)
Comharchumann Chonamara Thiar
Foireann Oibre TCA
Foireann Nuachta RnaG
Foireann Áras Uí Chadhain
Josie Sheáin Jack Mac Donncha (Carna)
James Harold (Comhairle Condae na Gaillimhe)
Aodán Ó Conchúir (Grianghrafadóir)
Seán Ó Foighil agus a bhean Máiread (Siopa an Phobail)
Joe Steve Ó Neachtain agus a bhean Máirín (Cois Fharráige)
Gordon Bruic (Bothúna)

Beirtí Ó hAinmhíre, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileáin)
Uinsíonn Mac Dubhghaill (The Irish Times)
Na Moltóirí go léir.
Na ceoltóirí, na filí, na fonnadóirí a chuir siamsaíocht ar fáil le linn an Phléaráca.

Ach go speisialta, tá Coiste na Féile thar a bheith buíoch do META UÍ MHÁILLE agus Mandy Uí Mhurchú; do Brian Ó Croinín, Tommy Ceven, Seán Leainde agus Máire Áine Uí Ghriallais ó Scéim Fostaíochta an Phléaráca i Ros Muc, a d'oibrigh fíorchrua le roinnt seachtainí anuas lena chinntiú go néireodh leis an bhféile. Thug na mic léinn seo leanas, a bhí ag obair le Pléaráca an samhradh seo, cúnamh chomh maith: Máire Áine Ní Chuaig, Máire Jane Céitinn, Orla Ní Chonaire agus Máiread Ní Cheannabháin.

Táimid thar a bheith buíoch chomh maith do Caomhán Ó Scoláir a dhearadh an póstaer agus don Spailpín Fánach a rinne na t-léinte.

Is cinnte go bhfuil daoine fágtha ar lár againn. Ní d'aon turas é. Táimid buíoch doibh síúd chomh maith.

Buíochas speisialta le foireann Raidió na Gaeltachta Buíochas chomh maith le Glór Chonamara, Galway Bay FM, Clare FM, An Galway Advertiser, An Connacht Tribune, An Irish Times, The Cork Examiner as poiblíocht agus eolas a thabhairt faoi imeachtaí na féile.

Urraithe na Féile:

Seo leanas na heagraíochtaí agus na comhluchtaí gnó a thug urraíocht flaitiúil dúinn le PLÉARÁCA CHONAMARA '97 a reachtáil i mbliana: Údarás na Gaeltachta; Comhairle Chontae na Gaillimhe; Comharchumann Chonamara Thiar, Island Ferries (Sally & Paddy O'Brien), Guinness; Tigh an Táilliúra; Muintearas; An Chistin; An Cruiscín Lán; Tigh Chualáin; Bhí roinnt eile nach raibh socraithe sara ndeachamar i gcló.

Cóipcheart:

Tá cóipcheart ag Pléaráca Chonamara agus ag na húdair ar an ábhair atá foilsithe anseo. Má tá éinne ag iarraidh alt a úsáid in iris eile ba mhaith linn go niarrfaí cead roimh ré ón údar agus ón eagarthóir. Sé an gnáth cuirteís é.

Clár na hIrise

- 2 Eagarfhocal
- 3 Agallamh an Phléaráca:
An tAire Stáit Éamonn Ó Cuív TD
- 8 Olltoghchán '97
- 9 Obair Atógála Seanscoil Shailearna
- 10 Bád Chonroy
- 18 Vox Pop ar TnaG
- 20 Séipéal Chamuis
- 24 Clár an Phléaráca
- 26 Drong nua de Dhamhsóirí
Sean nós Chonamara
- 30 Damhsa an Cháca
- 33 An Claidheamh Soluis
- 34 Tatarstan agus Sean-Nós Chonamara
- 37 Lionaird Mac Craith
le Séamas Ó Cualáin
- 40 Curachaí ar an Spidéal
- 41 Dánta le
Seosamh Ó Guairim
- 43 Gaeltacht Chonamara,
Fóram Chonamara
—Céard iad Féin?
- 45 Sraith na mBád Seol
- 46 Maria Ní Dhomhnaill



Tá buíochas ag dul don eagraíocht AOIFE (eagraíocht na bhféilte in Éirinn) lena bhfuil Pléaráca Chonamara cláraithe. Mholfadh muid do chuile fhéile clárú leo. Tá sábháilte mhór le fáil ar árachas.

Ghaeltacht dhuitse?

Éamonn: Ciallaíonn an Ghaeltacht domsa na ceantracha sin go mbíonn na cruinnithe pobail i nGaeilge — cruinnithe mar shampla, faoi scoileanna, faoi bhóithre agus i gcás na polaitíochta, cruinnithe cumann. Sé sin ceantracha gurb í an gnáth-theanga do chuid mhór den phobal, an Ghaeilge.

Anois ar an imeall, ar ndóigh, tuigeann muid go bhfuil meath an-mhór tagtha ar an stáid sin. Ainneoin nach bhfuil an meath sin chomh mór ó 1926 is a bhíonn daoine á rá, scaití. Ach sin ceist go gcaithfidh mise díriú air mar aire, sé sin teorann na Gaeltachta.

Donncha: An gcreideann tú go mba chóir go mbeadh cuid de Chathair na Gaillimhe sa nGaeltacht, mar atá?

Éamonn: Beidh an cheist sin dhá phlé agus ní dhéanfar an cheist a sheachaint. Tá roinnt áirthid smaointe i mo chloigeann agam. Tá mé plé na gceisteanna sin leis an Stát Sheirbhís faoi láthair na huaire. Mar is eol duit, bhí roinnt oibre déanta ag an iar aire (Michael D. Higgins T.D.) ar an gceist seo. Mar shampla, bhí tairiscintí lorgaithe aige maidir le staidéar a dhéanamh ar theorannacha na Gaeltachta. Tá an scéal sin ar fad á bhreithniú agus is féidir leat a bheith cinnte go mbeidh rud éigin dearfach á dhéanamh i dtaobh na ceiste.

An rud a bheidh le déanamh ná déanamh cinnte dhó go bhfreastalaíonn an staid a bheidh ann ar an bhfírinne mar atá sé, agus ar an dtaobh eile den scéal, nach gcuirfidh sé Gaeilgeoirí díograiseacha faoi mhíbhuntáiste agus go mbeidh muid fírinneach — sé sin nach cur i gcéill a bheidh ann.

Donncha: Céard é an difríocht idir Tír Oileáin i gcathair na Gaillimhe agus Tamhlacht i mBaile Átha Cliath?

Éamonn: An cheist atá ann ar bhealach ná céard í an difríocht b'fhéidir, idir Cathair na Gaillimhe thrí chéile agus cathair Bhaile Átha Cliath, agus an rud amháin a chreidim faoi chathair na Gaillimhe....

Donncha: Tá tú ag rá go mba cheart stádas teanga faoi leith a thabhairt do chathair na Gaillimhe?



“Ciallaíonn an Ghaeltacht domsa na ceantracha sin go mbíonn na cruinnithe pobail i nGaeilge — cruinnithe mar shampla, faoi scoileanna, faoi bhóithre agus i gcás na polaitíochta, cruinnithe cumann. Sé sin ceantracha gurb í an gnáth-theanga do chuid mhór den phobal, an Ghaeilge.”

Éamonn: Is rud é sin atá luaite agam go minic cheana. Mar chathair, sí an chathair is gaire do phríomh cheantar Gaeltachta. Tá an t-uafás daoine de bhunú na Gaeltachta ina gconáí sa gcathair anseo. Tá rud eile go gcaithfidh muid díriú air i dtaobh na cathrach seo; sé sin siopaí, bancanna, seirbhísí rialtais, oifigí rialtais, comhairle contae srl. Tá gá go mbeidh freastal le fáil iontu siúd trí mheán na Gaeilge. Mar sin caithfidh muid féachaint cén chaoi gur féidir leis an gcathair seo freastal go cóir agus go féaráilte ar an nGaeltacht. Mar sin is dóigh liomsa go gcaithfidh muid breathnú, ní ar cheantar amháin sa gcathair thar aon cheantar eile sa gcathair, ach sílim féin go gcaithfidh muid breathnú ar an gcathair seo mar áit speisialta.

Donncha: An mbeidh vóta ag na daoine abair i dTír Oileán, Seacrest, Cnoc na Cathrach sa chéad toghchán eile do Údaras na Gaeltachta i 1999.

Éamonn: Beidh mé ag breathnú ar Acht an Údarais agus sílim go bhfuil ceist le freagairt mar go bhféadfadh sé tarlú go mór mhór sa gcéad toghchán Údarais eile go mbeadh níos mó vótaí mar shampla ag vótáilithe Chathair na Gaillimhe, thar mar a bheadh ag pobal Gaeilge Chonamara. Is dóigh liomsa go gcaithfear díriú ar an gceist sin agus beidh an cheist sin dhá scrúdú sa scrúdú bheas ar bun.

Ceartha Teanga sa Ghaeltacht

Donncha: Nach é fírinne an scéil, th'éis go bhfuil go leor éagraíochtaí éagsula ag plé le ceist na Gaeilge, go bhfuil daoine sa nGaeltacht fágtha, gan chomhairle ná cúnamh ná cearta, agus iad ag iarraidh déileáil le fadhbanna teangan sa phobal. An ndéanfaidh tusa rud éigin faoi sin?

Éamonn: Tá i gceist é a dhéanamh tríd an Roinn. Tá i gceist againn na cearta sibhialta a thabhairt do lucht leanúna na Gaeilge sa tír seo — sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht.


Donncha: An bhfuil sé i gceist idirdhealú a dhéanamh idir na cearta teanga taobh istigh den Ghaeltacht agus na cearta teanga i dTallaght agus Ballyfermot.

Éamonn: Caithfear idirdhealú phraicticiúil a dhéanamh...

Donncha: An mbeidh sé san Acht Teanga.

Éamonn: Caithfidh sé bheith san Acht. Tá muid ag scrúdú an chaoi a bhfuil an rud le scríobh sa dlí agus tá an-spéis againn mar shampla ar an gcaoi go ndéantar déileáil le rudaí sa mBreatain Bheag mar tá idir ceantracha Breatnaise agus Béarla acu agus is dóigh liom go bhfuil an-taithí acu siúd ar an bhfadhb seo agus tá an dul chun cinn déanta acu leis...

Níl aon mhaith domsa mar Aire a bheith ag leagan síos rialacha agus ag leagan síos treoracha agus ag rith dlíthe nach bhfuil sé indéanta iad a chur i bhfeidhm....m.sh. i láthair na huaire ní bheadh sé réasúnta ní bheadh sé réalaióch ach oiread go rithfí dlí, dá



An tAire Stáit Éamonn Ó Cuív ag tabhairt treoracha dá rúnaí, Máirín Ní Choistealbha, san oifig atá aige i nGaillimh. Is as an gCoill Rua do Mháirín.

bhféadfaí dlí a fháil thríd an Oireachtas, go gcaithfeadh chuile státsheirbhíseach agus chuile sheirbhís poiblí bheith in ann an Ghaeilge a labhairt leis an bpobal agus bheith in ann freastal orthu i nGaeilge. B'fhéidir go mba cheart gur mar sin a bheadh sé ach ní amhlaidh a bheidh agus an té a rithfeadh dlí mar sin bheadh sé briste an lá dár gcionn. Ní fhéadfaí a chur i bhfeidhm agus mar sin ní bheadh aon chiall leis.

Cúrsaí Craolacháin

Donncha: Dúirt tú go mbeidh dualgaisí craolacháin Gaeilge fúit. Tá TnaG ar an aer le beagnach bliain. An bhfuil tú sásta leis an méid atá bainte amach ag TnaG ag an bpointe seo.

Éamonn: Caithfidh mé a rá ar an gcéad dul síos nach raibh TnaG. againn sa teach go dtí coicíos roimh an toghchán agus ón méid dhó atá feicthe agam ó shin caithfidh mé á rá gur íontach an rud é go bhfuil sé ann. Bhí fadhbanna móra ann ag an tús maidir le cúrsaí tarchuradóireachta agus fáil

na seirbhíse agus mar sin de.... Tá cuid de na fadhbanna sin ann i gcónaí agus beidh an cheist sin dhá phlé.

Is dóigh liom ó thaobh daoine a mhealladh le haerógaí a fháil, deineadh an-jab nuair a cuireadh na cluichí ceannais (All Ireland Gold) ar fáil. Ba íontach seiftiúil an bealach é sin le daoine a mhealladh le teacht ar an teilifís.

É sin ráite, dar liomsa go gcaithfear scrúdú a dhéanamh ar dhá rud. Ar an gcéad dul síos, caithfidh muid breathnú ar na ceantracha nach bhfuil sé acu — tá ceantracha mar sin ann i gcónaí. Freisin is dóigh liom go gcaithfidh muid breathnú ar na ceantracha a bhfuil sé le fáil ach fós féin go bhfuil roinnt mhaith den phobal nach bhfuil ag bacadh é a fháil agus sa mhullach ar sin caithfidh muid a dhul ar ais ag na comhlachtaí éagsula M.M.D.S. agus déanamh cinnte dhó go mbeidh sé riachtanach dóibh é a iompar. Ba dearmad mór dár liomsa nach raibh iallach ar na comhlachtaí sin ... Tá súil agam go mbeidh muid in ann é sin a réiteach.

An laige is mó atá ag TnaG. faoi

láthair agus b'fhéidir go mbaineann sé leis an leagan amach atá ar an teilifís — cláracha ceannaithe ar chonradh ar fad agus ag brath ar RTÉ le cúrsaí reatha. Creidim go bhfuil tóir sa nGaeltacht go mór mhór ar níos mó spleodair i gcúrsaí reatha, níos mó láithreachais más féidir liom é sin a rá. Ní dóigh liomsa go mba cheart cosc iomlán a chur ar TnaG. cláracha a dhéanamh iad féin...Más rud é nach féidir leo tairiscintí feiliúnacha a fháil ar chúrsaí reatha — cúrsaí an phobail, cúrsaí a bhaineann le daoine go ginearálta — ní fheicim cén fáth go mbeadh cosc iomlán orthu na cláracha sin a dhéanamh iad féin.

Donncha: An bhfuil tusa sásta an cosc sin a bhaint?

Éamonn: Rud ar bith a dhéanfaidh mise i gcúrsaí craolacháin beidh mé dhá dhéanamh i gcomhairle leis an Aire... Beidh cúrsaí airgid ar ndóigh i gceist ach ní dóigh liomsa go mba cheart go mbeadh cosc ar rud ar bith a chuirfeadh feabhas ar an t-seirbhís...

Ó thaobh lucht féachana dhe is cosúil go bhfuil ag éirí i bhfad níos

fearr leis ná "Radio Ireland" agus is mór an mhaith é sin agus níl mé dhá rá sin le droch mheas ar Radio Ireland ach le fíor mheas ar TnaG. Ach níl a fhios agam an bhfuil an tionchar aige i bpobail Ghaeltachta agus a bhí daoine ag súil leis. Creidim go gcaithfidh muid díriú ar an gceist sin....

Donncha: Tháinig athrú mór ar sceideal Raidió na Gaeltachta anuraidh. Cuireadh deireadh leis na hirischláracha Gaeltachta. An gceapann tú go mba cheart aithbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin?

Éamonn: Anois sílim féin go gcaithfidh muid a thuiscint go bhfuil an chontúirt ann go dtitfidh Raidió na Gaeltachta idir dhá stól, sa méid is go bhfuil iomaíocht fíor ghéar anois ón stáisiún tráchtála áitiúla ar nós Highland Radio, Galway Bay FM, Mid West Radio.....Theip glan ar Radio Ireland ach tá ag éirí thar cinn leis na stáisiúin áitiúla, go mór mhór ag an am sin den lá go bhfuil siad ag caint faoi fhadhbanna áitiúla, raiceanna áitiúla, réabadh áitiúla.

Níl aon rud mícheart leis an áitiúlachas agus mar sin beidh súil agam go mbeidh Radio na Gaeltachta sásta breathnú ar an gceist seo as an nua.... Is léir óna figiúirí éisteachta, ón stáisiún tráchtála go bhfuil éileamh dochreidthe sa tír seo ar nuacht áitiúil, ar raic áitiúil, ar scéalta áitiúla agus ar spóirt áitiúla agus caithfidh R. na G. díriú ar sin....

An Gúm le Bogadh go Ros Muc?

Donncha: Le teacht go cúrsaí fostaíochta sa Ghaeltacht. Tá éagothromaíocht mhór idir áiteacha — go leor postanna i gCois Fharraige agus áiteacha eile fágtha ar an ngannchuid, mar shampla Rosmuc. Gheall an t-Aire a bhí romhat go ndéanfadh sé "rud mór" do Ros Muc. Bhuel ní dhearna. An bhfuil tusa sásta "rud mór" a dhéanamh do Ros Muc?

Éamonn: Ar an gcéad dul síos thiofainn leat. Tá an t-úafás daoine as Camus, Ros Muc, as na hOileáin, Árann, Leitir Móir, Leitir Mealláin,

Tír an Fhia ag tarraing aniar is ag cur fúthu i gCois Fharraige....Mar is eol duit scríobh mise polasaí a bhí ag díriú ar an gceist seo....

Ceann de na rudaí a bheidh mé ag plé leis an Údarás — cén chaoi gur féidir linn rud éigin mór a dhéanamh do na ceantacha atá ag cailleadh daonra agus ar ndóigh beidh Ros Muc go hard ar an liosta sin. Tá an ceantar sin bánaithe. Ceantar fíor Ghaelach é; ceantar a bhfuil an pobal é féin le cúig nó sé de bhlianta anuas tar éis an-teacht aniar a dhéanamh ach teastaíonn tacaíocht stáit sa lá atá inniu ann. Ní féidir leo iad fhéin a shábháil.

Tá jabanna in áiseanna eile stáit ann a fhéadfaí a chur i gceantacha Gaeltachta. An bhfuil muid sásta mar shampla cuid den chúram leighis a thabhairt ar ais go dtí na pobail nó an bhfuil muid ag dul ag leanacht don pholasaí, na sean daoine a chur go Baile Locha Riach?

Ceist níos leithne í ná a rá leis an Údarás, tóg monarchan 'screwdriver' i Ros Muc agus sin muintir Ros Muc sásta. Má bhíonn formhór de mhuintir na Gaeltachta ag fáil oideachais 3ú leibhéal agus beidh, caithfidh muid postanna 3ú leibhéal a chur ar fáil sa nGaeltacht.

Donncha: Má tá an Gúm le dílárú is tá caint air anois le cúpla bliain, an mbeadh tusa sásta é a dílárú go Ros Muc?

Éamonn: Mar is eol dhuith thóg mise an cheist go minic sa bhfreasúra faoin nGúm agus an freagra a tugadh dhom i gcónaí ná go raibh comhráití ar bun idir an Roinn Ealaín, Cultúir agus Gaeltachta agus an Roinn Oideachais. Tá i gceist agam anois tabhairt faoin gceist sin agus fáil amach go díreach cá seasann ceist an Ghúim agus céard atá i gceist a dhéanamh leis.

Tá ceist níos leithne ann ar ndóigh ar nós go leor de na ceisteanna seo. An bhfhágfar mar chuid de roinn stáit é; an ndéanfar é a fhorbairt mar ní leor an Gúm mar atá sé faoi láthair na huaire. Ceist eile a éiríonn as sin ná soláthar téacsleabhar agus shamhlóinn mar shampla má tá muid ag breathnú ar cheist na dtéacsleabhar go bhfhéadfadh sé go mbeadh Ros Muc thar a bheith feiliúnach le bheith mar ionad na dtéacsleabhar agus leabhair

Ghaeilge... Bheadh mé an-fhábharach breathnú ar institiúid mar sin a thabhairt go Ros Muc.

Donncha: Má tá 4 bliana agat mar Aire Stáit na Gaeltachta, céard ar mhaith leat a bheith bainte amach agat ag deireadh do thréimhse?

Éamonn: Bhuel, is dóigh liomsa ag teacht isteach sa job seo go raibh sé ráite b'féidir níos soiléire ná mar a dúradh ariamh céard a bhí i gceist a dhéanamh. Ní dóigh liomsa gur cuireadh polasaí chomh cuimsitheach Gaeilge agus Gaeltachta in aon manifesto páirtí riamh.

Séard ar mhaith liomsa go mbeadh sibh ag rá nuair a bheadh mé fágtha, go ndearna mé an méid a dúirt muid a bheadh le déanamh beag nó mór agus tuilleadh lena chois, agus go bhfeicfí gur tugadh faoin jab le fuinneamh agus le héifeacht agus gur baineadh rudaí amach ar an dtalamh.

Anois rud amháin a thuigimse mar pholaiteoir, ní fada an t-achair é 4 bliana ná 3 bliana nó cé brí cén fhad a bhíonnas tú i rialtas.... Más rud é go bhfuil argóintí fánacha faoi rudaí fánacha ar chuile choiscéim den bhealach, ní bhainfear tada amach. Beidh mé ag braith go mór ar dea-mhéin an phobail le gníomh a dhéanamh agus go mbeidh tacaíocht leis na cinnithe, cuid a bheas crua le tógáil.

Donncha: An mba mhian leat a bheith i do Thaoiseach amach anseo?

Éamonn: An chaoi a raibh sé liomsa ariamh agus an dearcadh atá agam faoin saol níl an fhis ag éinne againn céard atá romhainn agus ní duine mé a bhreathnaíonn amach romham ar an mbealach sin. Sé an dearcadh atá agam faoin saol, jab an-mhaith a dhéanamh san áit ina bhfuil mé. Tá mé mar Aire Stáit na Gaeltachta anois agus tá i gceist agam jab chomh maith agus is féidir liom a dhéanamh sa jab sin agus cé brí céard a tharlaíonn amach anseo sin scéal le h-aghaidh lá eile. Ach bheadh súil agam ar an gcéad dul síos go mbeadh sibh ag rá, nuair a bheadh an jab seo críochnaithe, gur jab maith a rinne mé dhó.

Donncha: Go n-éirí sé leat.

Éamonn: Go raibh maith agat.



Cló Iar - Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 593307 Fax: (091) 593362

PEADAR Ó CEANNABHÁIN

MO CHUID DEN TSAOL

Amhráin ar an Sean-Nós ó Chonamara
CICD 131 (CD £12.99; Cass £7.99)

Seolfar an chéad albam seo le hamhránaí a bhfuil ardmheas air le fada le linn Oíche Scéalaíochta agus Seanchais an Phléaráca ar an Aoine, 19 Meán Fómhair i Scoil na hAirde, Carna.



CONAMARA : AN TÍR AINEOIL

BOB QUINN / LIAM MAC CON IOMAIRÉ

ISBN 1 900693 39 9 £20

Bailiúchán pictiúr ó cheamara Bhob Quinn agus ó pheann Liam Mac Con Iomaire, de roinnt de na daoine is mó a bhfuil aithne orthu i gConamara, in Oileáin Árann agus i Ráth Cairn. Dátheangach.

SAOIRE — PÁDRAIG STANDÚN (Úrscéal)

ISBN 1 900693 59 9 £10 (clúdach crua)

Ag teacht go luath . . .

FONN LE FONN — TOMÁS Ó CEANNABHÁIN

(caiséad ceoil) CIC 124 £6.99

Cuir fios ar chatalóg inniu!

Beir leat beatha den scoth ó

Tigh Duinn

AN SPIDÉAL

Gach rath ar an bPléaráca!

Gaeltacht i gcéin

Tír an Fhia, Leitir Móir,
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-551386/551242

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Cumas Teo.

Páirtíocht Chonamara agus Árann

Ionad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Fón: 574353; Facs 574047

Tá tacaíocht agus cúnamh á thabhairt ag Cumas faoi choimirce an Chláir Forbartha Áitiúil do dhaoine faoi mhíbhuntáiste (Dífhostaithe, Tuismitheoirí Aonair, daoine óga a fhágann an córas scoile go luath, Feirmeoirí le gabhaltas bheaga, Mná le cúraimí baile srl.) tré dheiseanna forbartha a sholáthar agus a fhorbairt dóibh i gcomhar le heagraíochtaí eile.

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara

Muintearas

TÓGRA OIDEACHAIS GAELTACHTA

Leitir Móir, Gaillimh
Fón: 091-551145/551155/551300 Facs:
551277/551323



Le tacaíocht ó
Údarás na Gaeltachta
Coimisiún na gComhphobal Eorpach
Fondúireacht Bernard Van Leer
An Roinn Oideachais
An Crannchur Náisiúnta

Scéim Réamhscoile do Thuismitheoirí
Foilsitheoireacht Téacsleabhair
Scéim Tacaíochta do Bhunscoile
Scéimeanna don Óige
Scéimeanna Forbartha do Mhná
Forbairt Oidhreacht
Oideachas Pobail

Ag obair i gCorca Dhuibhne, Conamara, Maigh Eo, Tír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta

Mar a líonadh na boscaí i dToghchán '97

Bosca	Foighil	Cox	O Cuiv	Downes	Egan	Fahy	Higgins	McCor	Molloy	O Máille	O Neacht	Iomlán
Na Forbacha	58	28	80	7	13	18	40	25	31	5	62	367
An Spidéal 1	86	7	68	3	18	12	16	8	18	3	66	305
An Spidéal 2	86	57	6	6	9	4	25	4	11	0	126	334
An Cheathrú Rua	115	17	274	5	14	57	26	22	32	6	130	698
Sailearna	157	9	129	4	25	22	32	7	9	3	22	419
Inis Meáin	28	0	38	1	2	8	0	2	32	0	9	111
Inis Thiar	11	3	51	0	8	8	16	2	15	0	13	127
Cill Rónáin	17	4	69	0	4	34	5	4	52	0	9	198
Fear. na Coirce	5	0	65	0	2	20	23	2	58	2	8	185
Ros a' Bhí	36	6	133	0	6	14	12	9	17	1	40	274
An Tulach	65	6	120	1	9	12	19	6	19	0	46	303
Tuairín	32	2	95	1	3	12	2	3	2	0	16	168
Leitir Mór	64	4	106	1	11	21	7	9	10	1	27	261
Tír an Fhia 1	64	9	73	0	2	20	0	4	6	0	10	188
Tír an Fhia 2	46	1	79	0	0	30	3	13	1	0	11	184
Leitir Mealláin	54	1	50	0	2	8	3	4	2	0	1	125
Camus	7	1	134	1	3	7	0	14	6	0	14	187
Gort Mór	1	0	45		3	9	12	4	4	0		78
Turlach Beag	3	2	74	1	4	13	9	2	4	0	3	115
Loch Con Aortha	3	0	98	2	2	1	3	3	7	0	4	123
Ard Mór	10	9	324	1	4	11	12	12	123	1	22	529
Carna	9	5	100	1	2	7	6	18	9	1	6	164
Ard Thiar	15	9	138		5	6	4	12	10	0	4	203
Glinnsge	0		31			7	2	3	4	0	7	54
Cloch Breac	1	1	68	0	4	0	0	10	0	1	0	85
Corr na Móna	2	0	204	1	8	1	1	53	5	0	0	275
An Fhairche	4	3	105	3	3	1	4	67	21	2	1	214
Iomlán	979	184	2757	39	166	363	282	322	508	26	657	6283

Réalt na Maidne

An Cheathrú Rua
Fón: 595193

BEÁR
CEOL CHUILE DEIREADH SEACHTAINE

Go n-éirí leis an bPléaráca!

CEARDAÍOCHT

Nead Síoda

- Dearthóireacht Teicstíle • Dathú •
- Éadach Lámhphriondálte •
- Lása • Fíodóireacht •

Hilairí Nic Cába

Cois Locha, Gleann Mór, An Cheathrú Rua
091-595314



Tús le obair atógála Scoil Sailearna

Le cúpla mí anuas tá tús curtha le hobair atógála ar sheanscoil Shailearna sna hAille in Indreabhán. Comharchumann Shailearna atá i mbun na hoibre. Tá sé i gceist ag an gComharchumann Ionad Pobail agus Ionad Oidhreacht, a chur ar fáil ann do mhuintir Chois Fharraige.

Beidh Oifig an Chomharchumainn á lonnú san áit chomh maith le háiseanna eile nuair a críochnófar an obair ar an suíomh i gceann dhá bhliain eile.

"Beidh seomra nua ann le haghaidh cruinnithe an Chomharchumainn agus cruinnithe eile, rud nach mbíonn ar fáil i rith an tsamhraidh de bharr na gcoláistí samhraidh a bheith ag úsáid na gcoláistí", dúirt Breandán Ó Tuairisg, maor na hoibre, linn. "Tógfar seomraí freisin a mbeidh daoine in ann dramaí agus píosa cleachtaidh a dhéanamh iontu".

"Níl aon halla feiliúnach faoi láthair ag an bpobal le haghaidh dramaí i gCois Fharraige, nó áit a bheadh daoine ag



FOIREANN OIBRE SCOIL SHAILEARNA: Breandán Ó Tuairisg (An Maor Oibre), Pádraig Ó Cadhain (Na Minna), Micheál Ó Gríofa (Baile na hAbhann), John Ó Conghaile (An Tulach) agus Rónán Ó Gríofa (Baile na hAbhann).
pic: Bob Quinn

iarraidh teacht le chéile", a deir Breandán. "Tá súil againn go mbeidh an foirgneamh seo mar áis ag an bpobal, agus go ndéanfaidh sé freastal ar mhuintir na háite, idir seandaoine agus óg, nuair atá sé críochnaithe."


Ceann de na sonraí is suimiúla faoin obair atá ar bun ar sheanscoil Sailearna, ná go bhfuil go leor de na sean bhallaí á gcoinneáil sa bhfoirgnimh nua.

"Táimid ag obair ar sheanbhallaí na

scoile anois, á n-ardú go dtí an leibhéal atá ag teastáil" a deir sé, "agus beidh an foirgneamh laistigh de na seanballaí".

Thug Roinn na Gaeltachta deontas le haghaidh an fhoirgnimh agus tá Comharchumann Sailearna tar éis méid áirithe airgid a chur isteach ann chomh maith.

Tuigtear go gcosnóidh an obair thart air £200,000 thar thréimhse dhá bhliain.



An St Patrick sa Mhuir Artach, timpeallaithe ag leac oighir, le linn an turas ó thuaidh go Spitzbergen i 1990

pic Adrian Spence

BÁD CHONROY

An St. Patrick

Ruaidhrí Ó Tuairisg

Is dóigh gur cuid den draíocht í, an neamh-chinnteacht a bhaineann le go leor de bháid mhóra Chonamara – cén bunús a bhí acu, cé rinne iad, cén bhliain, cé dhó, cén áit, céard a tharla dóibh agus mar sin de. Ní eisceacht ar bith í **Bád Chonroy**. Dúirt **Dick Scott**, imeasc go leor daoine eile, ina leabhar, **The Galway Hookers** gur tógadh í sa mbliain 1911. Ach ní réitíonn chuile dhuine leis an tuairim sin. Dúirt **Pat Cheoinín** sa mbliain 1981, ar chlár de chuid RnG faoin mbád, gur tógadh í sa mbliain 1907. Dúirt **Jimmy Tony Ó Nia** as **An Cladach Ó Dheas, Ros Muc**, gur tógadh í sa mbliain 1908.

AN SAOR


Sé **Pádraig Ó Cathasaigh** a rinne dhó féin í. Dúirt daoine eile, cosúil le **Seán Cheoinín**, nach maireann, as **Leitir Ard**, go raibh **Meairc Mhurchadha Ó Maoilchiaráin** as **Caladh bhFuinnse** ag obair in éineacht leis, chomh maith le **Joe Ó Cathasaigh**, deartháir **Phádraig**. Sé **Meairc** a rinne **Púcán Mhicil Pháidín**, a bhfuil an t-amhrán déanta faoi. Bhí siopa ag **Pádraig Ó Cathasaigh** i **Muighinis** agus tá seans gur tosaíodh an bád timpeall na bliana 1907. Dúirt **Brid Ní Chathasaigh** (iníon le **Máirtín Ó Cathasaigh**), a bhí tuairim ochtú



An criú a thug an St Patrick ó thuaidh go hOileáin Faroe i 1987. Ó chlér: Mike Fahy, Ruaidhrí Ó Tuairisg, Brendan Lennox, Donncha Ó hÉallaithe, Pádraig de Bhaldráithe agus úinéir agus scipéir an bháid, Paddy Barry. Tógadh an pictiúr seo i dTorshaun

bliain d'aois sa mbliain 1977, nuair a labhair sí le **Paddy Barry**, gur cuimhin léi féin cille an bháid dá leagan. Bhí sí tuairim dhá bhliain déag ag an am. Dúirt sí gur bhain siad na crainnte i **gCoill Bhearna**. Tugadh go dtí an muilleann i **nGaillimh** iad le capall agus carr, rinneadh sailtreacha díobh agus ansin tugadh go **Muighinis** iad ar bhád mór.

I litir a scríobh **Seán Ó Cathasaigh**, mac le **Johnny Ó Cathasaigh**, chuig An Post, sa mbliain 1982, dúirt sé imeasc rudaí eile, gur beirt uncail leis féin, **Pádraig** agus **Joe** a thóg an bád seo dóibh féin agus gur thug siad **St. Patrick** mar ainm uirthi, mar go raibh an nós sin ag a n-athair agus acu féin, an t-ainm sin a thabhairt ar bhád mór ar bith a thóg siad dóibh féin. Is cosúil, de réir



litir a scríobh **Seán P. McKiernan** i 1987 chuig **Paddy Barry**, go raibh **St. Patrick** ar **Bhád Pháidín Choilm** freisin, bád a rinne na Cathasaigh. Ba é **Páidín Choilm Mac Con Iomaire** sin sean athair **Seán P. McKiernan**. Bhí an bád seo ag na **Conroys** roimh an **St. Patrick** atá i gceist againne agus théis í a bheith díolta acu thit sí i **mBéal an Daingin**.

De bhrí go raibh báid eile le déanamh ag **Pádraig Ó Cathasaigh**, chomh maith le aire a thabhairt dá shiopa, tá seans nach raibh aon deifir air, nó aon am aige, lena bhád féin a chríochnú. Mar sin caitheadh cúpla bliain léi.

Ba lá mór é nuair a sádh bád. Bhíodh neart poitín ann. Sheol **Pádraig** agus **Joe** i in éineacht le **Cóilín Pháidín Mac Con Iomaire** as **Roisín na Mainiach**.

I nGairfean

Dúirt **Jimmy Tony** go raibh sí ag **Pádraig Ó Cathasaigh** ar feadh ceithre bliana agus gur dhíol sé le **P.D. Conroy** í ar £100. Sé **Tony Ó Nia**, **Tony an Fhaoileáin**, athair **Jimmy**, a thug aniar go **Gairfean** í.

Caithfidh sé go raibh sí i nGairfean sa mbliain 1912 mar chonaic mé an méid seo i litir a scríobh **Michael P. Conroy**, mac le **Paitín Conroy**, ar an 3ú Aibreán 1984 ag **Paddy Barry**. "One item (of some historical value) which may interest you is that the **St. Patrick** was the hooker in which my father (**P. D. Conroy**, owner) escorted **Pearse** and **Thomas Mc Donagh** and **Joseph Mary Plunkett** to the **Aran Islands** in 1912. They were trying to establish the **Irish Volunteers** (with mediocre success) at that time. I was only 8 years old then – but remember sitting on **Pearse's** knee in our house in 1911/12."

Siopadóir Láidir

Is dóigh go raibh an siopa is mó i gConamara ag na **Conroys**. Chuir siad earraí ar fáil do shiopaí as **Ros Muc** go **Cárna** agus as **Leitir Mealláin** go dtí **An Mám**. Dúirt **Pádraig a' Mháille** liom go

Ón barr) **Pat Cheoinín** ar an halmadóir agus **Johnny Bailey** le greim aige ar scód an tseoil mhóir, ag seoladh an **St Patrick** amach ó **Chrompán Charna** théis di a bheith déanta suas as an nua i 1989.

An **St Patrick** ar ais i gCéibh na Leice, **Gairfean**, **Ros Muc** i 1989, sulara rinne **Colm Ó Maoilchiaráin** i a ath-thógáil ó phosta go ball.

Paddy Barry agus **Colm Dubh Ó Méalóid** ar an **St Patrick** agus í ar ancaire sa Bhriotáin, 1992.

bhfaca a athair aon bhád déag ag **Gairfean** lá amháin. Bhí bÁCús acu freisin agus chuir siad builíní ar fáil do na siopaí agus do na scoileanna. Bhí dhá bhád eile acu, **An Builín Mór** agus **An Builín Beag**. Chaith **Tony an Fhaoileáin** sé bliana déag ag tarraingt builíní dóibh.

Siad **Colm Ó Gríofa** agus **Stíofán Shuilleabháin** a chuaigh ag obair san **St. Patrick**. Bhí **Colm** ag obair i **mBád Pháidín Choilm** roimhe sin. Chaith sé trí scór bliain ag obair ag na **Conroys**. Bhí sé beagnach ceithre scór bliain nuair a chríochnaigh sé. Dúirt **Jimmy Tony** gur ocht scilleacha ar an lucht a fuair **Colm**. Amannta, mar gheall ar dhroch-aimsir b'fhéidir go mbeadh siad imithe ar feadh coicise nó trí seachtainí.

Ag tarraingt stuif as **Tigh Tommy Réamainn** (**McDonagh**) agus as stóra eile na Gaillimhe a chaith **Colm** agus **Stíofán** a saol. Bhí an bád in ann sé thonna dhéag a iompar – plúr, bran, pórtar, adhmaid agus chuile ní eile a bheadh ag teastáil. Dúirt **Séan Cheoinín** go ndeireadh an bheirt **An Páidín Páirteach** chuile oíche sa mbád. (Tá súil agam, a **Phaddy Barry**, nach bhfuil an traidisiún sin briste agat!).

Thugadh sí corr lucht soir – móin, dá mbeadh sí cóiritiúil, as an **gCrompán Mór** i **mBéal an Daingin**; carraigín agus feamainn ag **Delia Lydon**; olann ag **Muileann Lydon**. Ní raibh moill ar bith uirthi aon uair ag fanacht ag **Droichead an Daingin** mar bhí **Willie Antrácháin** ann, fear a bhí curtha ann ag na **Conroys**.

An-Bhád Seoil

Dúirt chuile dhuine – **John William Seoige**, **Pat Cheoinín**, **Seán Cheoinín** agus **Pádraig a' Mháille** ina measc – nach raibh mórán bád seoil a chinnfeadh uirthi cé nach mbíodh culaith mhaith sheoil aon uair uirthi. "Ligfeá an taoille tuile ort fhéin ag breathnú uirthi," dar le **John William**, "bhí cloigeann chomh deas sin uirthi". Dúirt **Stíofán Ó Súilleabháin** ar an gclár radió atá luaite cheana, go ndeachaigh sí go Gaillimh agus ar ais le lucht plúir in aon lá amháin, aimsir Féile Sin Seáin. Briseadh an **Leachtáin an Daingin** í uair. Thug **Michaelín Mháirtín John**, a bhí aníos ina diaidh sa **mBeauty** an lucht aisti, ach amháin dhá thonna salainn a bhí fliuch. Ba é sin an



Tom Bottle Conroy agus **Johnín Mhuraed** ag dílochtú an **St Patrick** ag Céibh Chill Rónáin, ag deiradh na triochaidí

lucht deireadh a rith **Colm Ó Gríofa**. Chuir **Joe Uaitéar Seoige** caoi uirthi.

Ina dhiaidh sin bhí **Tomás Tom Mhoir**, nó **Tom 'Bottle' Ó Conaire** agus **Johnín Mhuraed** inti ar feadh roinnt blianta. Tá pictiúr breá i leabhar **Dick Scott**, *The Galway Hookers*, de **Bhád Chonroy** ar a bealach as Gaillimh agus í luchtaithe, ag dul suas an **Daingean**. Ceaptar gurbh é **Tom Bottle** atá dá gabháil. Tógadh an pictiúr timpeall na bliana 1939/40. Déanaim amach gur chaith sí tríocha naoi bliain ag na **Conroys**.

Ar An gCeathrú Rua

Timpeall na bliana 1950, agus leoraithe

ag dul i líonmhaire, níor theastaigh an bád ó mhuintir **Chonroy** níos mó. Dúirt **Jimmy Tony** gur cheannaigh **John Keane** as **An gCeathrú Rua** í ar £120. Ceapann **Paddy Barry** go raibh **Michaelín Mháirtín John Mac Donnchadha** as **Cuilleán** dhá íoc seo ar ais le **John Keane** mar sé a bhí inti. Ag tarraingt mhóna go hCrainn a bhí **Michaelín** agus a mhac **Seán** as **Caladh Thaidhg**. Ba Comhairleoir Condae agus Teachta Dála é **John Keane** agus bhí conradh aige móin relief a thabhairt go hArainn as **Ros a' Mhíl** lena dhá bhád – **Bád Pheatsaí** agus **Bád Chonroy**.

Rinne **Michaelín** culaith bhreá seoil di. Rinne sé culaith di freisin nuair a bhí

An St Patrick faoi lán tseoil is í ag tabharnáil leí.
le Pat Cheoinín ar an stiúir, d'Fhéile Mhic Dara
1980, an chéad bhliain di ar ais i gConamara ó
thús na seascaidí. Fuair sí neart gaoithe an lá
sin agus thug sí leí an geall.



sí Tigh Chonroy ar £1.15s. Siad Michaelín agus Jimmy an Oileáin an bheirt dheireadh a tharraing moin go hcrainn inti timpeall na bliana 1957.

Geall

Sa mbliain 1957 bhí geall i gCaladh Thaidhg. Bhí trí bhád ann — Bád Chonroy, An Mhaighdean Mhara agus An Chorainn. Bhí Pat Cheoinín ag gabháil Bád Chonroy, Johnny Jimmy sa Maighdean Mhara agus Máirtín Tom Deáirb sa gCorainn. Cé gur thriomaigh Bád Chonroy ar charraig ba í an chéad bhád sa mbaile í. Ach tugadh an geall don Chorainn mar bhris an dá bhád eile na rialacha.

I nGaillimh

Sa mbliain 1959 cheannaigh triúr as Gaillimh í — Dermot Walsh, Brendan O'Donnell (duine de shliocht Johnny Labhcáis) agus Desmond Warde ar £120. Thug siad "The People's Boat" mar ainm uirthi. Sé Pat Cheoinín a sheol soir í. Rinne siad roinnt oibre uirthi, chuir siad cábán agus inneall inti, agus dhíol siad í le Jim O'Meara as Góilín, i gCorcaigh ar £1000 sa mbliain 1969. Sé Captain Glanville, máistir bád seoil a bhí ar pinsean, a sheol í ó Ghaillimh go Góilín. Ní dhearna Jim mórán léi mar bhí sé ag obair i mBéal Feirste. Is í nGóilín a chonaic Paddy Barry í sa mbliain 1973 agus drochchaoi uirthi.

Ag Paddy Barry

Cheannaigh Paddy Barry an St. Patrick i mí Meán Fómhair 1973 ar £650. Sheol sé go Cionn tSáie í sa mbliain 1974 agus thug sé go Bleá Cliath ar leoraí í. Chaith sé chúig bhliana dhá deisiú ar



Rinne Paddy Barry an St Patrick a dheisiú ar chúl an tí sa Charraig Dhubh, Baile Átha Cliath, ó 1973 go '79

chúl an tí agus sa mbliain 1979, tar éis £5250 a chaitheamh, sheol sé go Conamara í. Sa mbliain 1980 chuir sé sparaí agus seolta níos mó uirthi agus bhuaigh an bád an geall ag Féile Mhic Dara.

Ó dheas a chuaigh sí i 1981 go dtí an Spáinn. An bhliain ina dhiaidh sin bhí sí i gConamara Tugadh gleiteog uirthi ar stampa a díeisigh An Post, an bhliain chéanna. In '83 bhí sí sa mBriotáin, '84 i gConamara, '85 sa bPortingéil, Madeira agus sna Canaries.

I 1986 rinne siad an turas cáiliúil go Meiriocá agus chuaigh sí go hOileáin Faroe in '87. Bhí baint ag an turas seo le bunú TnaG mar is sna Faroes a chonaic Donncha Ó hÉallaithe agus Pádraig de Bhaldráithe go bhféadfaí stáisiún teilifíse a reachtáil i mionteanga do dhaonra beag agus mí Dheireadh Fómhair na bliana céanna bhí baint acu le Teilifís na Gaeltachta a chur ar an aer ó Ros Muc, le linn Oireachtas na

nGael.

Tar éis turas go Douarnenez i '88 tugadh siar go dtí Colm Ó Maoilchiaráin í. Tógadh as an nua í ach beagán níos faide ná mar a rinneadh í — ó 40 troigh go dtí 42 troigh. Níor fágadh inti ach trí mhaide. Cuireadh seolta nua uirthi. Chosain an obair ar fad £25000. Sa mbliain 1990 rinne sí turas an-fhada, taobh istigh den chiorcal Artach, tríd an Íoslainn, Spitzbergen, Murmansk, Oileáin Lafoten agus ar ais abhaile.

I '91/'92 bhí sí i gConamara agus i mBrest. Sa mbliain 1993 rinne sí turas trí mhí go dtí cósta thiar thuaidh na Graonlainne. Ar a bealach ar ais as Conamara sa mbliain 1995 is beag nár bád í nuair a bhail bád laistis í amach ó chósta Loch Garman. Dheisigh Colm Ó Maoilchiaráin agus John Healion í.

I 1996 rinne sí turas go Latvia, An Lituáin agus Estonia sa Muir Bhailt agus i 1997 chuaigh sí chomh fada leis an mBlascaod Mór. Faoi láthair tá sí ar An Life. Is beag a cheap Pádraig Ó Cathasaigh nuair a shá sé í amach ó Aill na gCathasach go rachadh sí chomh fada ó bhaile. Go mba fada buan í féin agus na daoine a sheolann í.

Míle buíochas le chuile dhuine a chabhraigh liom — John William, John Deáirb, Pádraig a' Mháille, Jimmy Tony, Cóilín Ó hIarnáin agus dar ndóigh fear an bháid, Paddy Barry. Nár laga Dia iad.

Mír as litir a sheol Michael Conroy — mac le Peaitín Conroy, úinéir an St Patrick tráth don saol — go Paddy Barry i 1984

SIOPA AGUS ÓSTA

Tigh Bhríd Mhicó

Ros Muc 091-574121

Ceol Traidisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann
Fistéipeanna
Gual • Flo-Gas

Tigh Hughes

— AN SPIDÉAL —

Le haghaidh neart óil,
ceoil agus craic

Teil: 091-553447

Tigh phádhraicín

Na Forbacha Gaillimh

Teil: 091-592444

Beár agus Bialann
B&B

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca!

Óstán na Páirce

An Spidéal

Teil: 091-553159 Facs: 091-553494

Dod' bhainis nó dod' chóisir

Gach eolas ó Ghearróidín Ní Fhoighil

CEARDLANN AN SPIDÉIL



Caith seal linn i gCeardlann an Spidéil,
áit a bhfuil scoth na ceardaíochta
agus ealaíne le feiceáil

Ár mbuíochas dár gcustaiméirí uilig

FÁILTE ISTEACH

SOCOS^{TEO}

Socos Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301 Facs: 593303

Cártaí Bainise

Gaeilge • Béarla • nó Dhá Theangach

Fearáistí Oifige • Troscáin Oifige
Córais Stórála • Soláthairtí Ríomhaireachta
Má tá sé uait, tá sé againn!

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara



EANACH MHEÁIN, CONAMARA
Fón: 091-572498/572212 Facs: 091-572214

One item (of some historical value) which may interest you is, that the St. Patrick was the hooker in which my father (P.D. Conroy) escorted Paddy and Thomas McDonagh and Joseph Mary Plunkett, to the Aran Islands in 1912. They were trying to establish the Irish Volunteers (with mediocre success) at that time. I was only 8 years old then — but remember sitting on Paddy's knee in one house in 1911/12 — times & people have changed since then!

Is mór i gceist an Vox Pop ar Nuacht TnaG. D'iarr MÁIRE ÁINE NÍ CHUAIG de roinnt daoine i measc chuile aoisghrúpa i gConamara cén barúil a bhí acu faoin stáisiún nua....



Máire Áine Ní Chuaig

"Bím ag breathnú ar TnaG sách rialta air. Breathnám ar 'Ros na Rún', 'An Craiceann is a Luach' agus ar 'C.U. Burn'. Taithníonn na cláracha ceoil go mór freisin liom ar nós 'Ceol ó Ionad Cois Locha', 'Sult' agus ar ndóigh 'Sibín'.

Ceapaim gur rud maith é den Ghaeltacht mar ó tharla go bhfuil Raidió agus Teilifís anois againn, tugann sé an Ghaeltacht agus an Ghaeilge isteach san fichiú aois agus is dóigh liom go dtuigeann daoine anois agus an aos-óg go mór mhór nach rud seanaimseartha í an Ghaeltacht agus gur teanga beo í an Ghaeilge.

Ba mhaith liom dá ndéanfaidís níos mó clúdach ar imeachta áitiúla sna Gaeltachtaí éagsúla.

"Bhreathaigh mé ar TnaG nuair a tháinig sé amach i dtosach agus caithfidh mé a rá nach raibh mé sásta agus dá bhrí sin ní bhíonn mé ag breathnú ar mórán di ó shin. Sí an Ghaeilge dháire a bhí mé mí-shásta leithi. Ní raibh canúint aithrid chor ar bith uirthi, sórt Gaeilge foghlamtha a bhí ag chuile dhuine, níl fhios agam cén sórt gaeilge a bhí ann. Cheap mé gur tugadh go leor do na cláracha do mhuintir Thír Chonaill, agus an taobh ó thuaidh, bhí neart ann as Conamara ach ní raibh mórán ann ón taobh ó dheas ar chor ar bith. Dháire tá mé ag ceapadh gurbh í an Ghaeilge a chuir as dom. Tá go leor cláracha béarla air, tá na sub-titles i beagnach chuile

chlár, agus más TnaG atá ceaptha bheith ann, tá mé ag ceapadh gur do dhream é bheadh in ann Gaeilge a thuiscint, agus a ghlacadh le clár gan sub-titles. Ba cheart go mbeadh sé suas leat féin sub-titles a chuir air, ansin d'fheilfeadh sé dream sa nGaeltacht a thuigeann Gaeilge líofa..."

"Bíonn mé ag breathnú ar scaití. Baineann mé an-taitneamh as an news. Tá nuacht maith acu agus nuacht na háite acu, mar dearfá. D'fhéadfadh siad níos mó do nuacht na háite a chuir air, mar feictear dom go mbíonn go leor faoi tíortha comhthíocha acu, a' bhfuil fhios agat, nach mbeadh suim ar bith againne ann, fáil amach fúthu. Bheadh sé go deas rudaí na háite cosúil le rásaí báid agus spóirt a fheiceál air. Abair Féile na mBáid i mbliana, ní fhaca muid mórán dó ach píosaí beag gearr."

"Ní bhíonn ag breathnú air an-mhinic, tá sé chomh maith dom an fhírinne a rá. Ní bhreathnaim mórán ar teilifís."

"Is breá an rud go bhfuil sé ann, tiocfaidh feabhas air nuair a thiocfas Gaeilgeoirí ceart air. Ba mhaith liom níos mó cúrsaí reatha macasamhail 'Féach' fadó."

"Bíonn mé ag breathnú ar TnaG amantaí. Tá sé togha. Hiúdaí, C.U. Burn, agus Sibín is fearr liom. Tá Hiúdaí funny agus tá Gaeilge cheart aige ach níl aon Ghaeilge ag na daoine atá in éineacht leis."

Séard a cheapaim faoi TnaG go bhfuil sé sórt seafóideach. Tá daoine aisteach air, an-aisteach. Tá Gaeilge aisteach ann. Hiúdaí agus C.U. Burn is fearr liom. Tá mé ag iarraidh rásaí curachaí fheiceál air freisin.

"Féach" mar chinnlínite ag na nuachtáin an lá dar gcionn. Níl conspóid acu ar chor ar bith. Níl siad ag déanamh fiosrúcháin, níl siad ag déanamh clár faisnéise ar rud ar bith atá ag tarlú, tá siad an-chúramach mar dearfá."

"Ó, chonaic mé an chéad chuid dhó. Níor cheap mé mórán dhó, agus níor bhreathnaigh mé ní ba mhó air. Ó, ní raibh mórán cuma air. Ní raibh na cláracha sách fada agus ní thuigfeá cuid den Ghaeilge bhí air. Ba cheart go mbeadh níos mó de dhream na háite air, dream Chonamara. Thaithin C.U. Burn liom ach níor thaithin an-chuid ar chor a bith liom."

"Bím ag breathnú ar Bugs Bunny. Oh! ní bhíonn sé sin ar TnaG."

"Tá sé go maith, tá. Tá go leor programme-achaí maith air. Ros na Rún, Hiúdaí agus CU Burn agus bíonn Sibín go maith, bíonn sé. Tá mé ag ceapadh gurbh é Hiúdaí is fearr liom."

"Tá Hiúdaí funny. Bíonn sé ag rá 'Níl aon tóin tinn mar do thóin tinn féin.'"

"Bíonn Hiúdaí funny. Bíonn daoine ag calláil agus spraoieann siad games agus caitheann siad saveáil daoine atá air. Ghlaoigh mé ar Hiúdaí ach ní raibh aon answer air."

sin. An taon chlár a bhreathnaíonn air ná an clár popcheoil agus scaití Ros na Rún. Dá mbeadh níos mó cláracha acu faoi Chonamara féin, faoin nadúr b'fhéidir agus níos mó cláracha áitiúla, abair cluichí peile..."

Bíonn mé ag iarraidh i gcónaí bheith sa mbaile le breathnú ar an nuacht, ag a deich chlog. Bíonn an nuacht suimiúil. Bíonn go leor dhó áitúil.

Cheapfaínn go bhféadfadh siad feabhas níos mó a chur air ach bíonn go leor seafóid air freisin. Bíonn cláracha alright air do ghasúir níos óige, agus tá Ros na Rún ceart go leor agus tá Sibín go maith ach bíonn cláracha eile sórt aisteach acu. Oh; agus is maith liom Sult agus Hiúdaí freisin. Bheadh sé go deas cláracha a fheiceáil bunaithe ar shaol agus ar chultúr Chonamara.

Tá sé go maith. Na cláracha is fearr liom, C.U. Burn, agus Ros na Rún mar bíonn argóint ar Ros na Rún agus ar CU Burn bíonn Charlie ag déanamh rudaí nár cheart dó a bheith a déanamh agus ceapann sé gurb é fhéin is fearr. Is maith liom Hiúdaí ach rud amháin nach maith liom faoi bíonn sé ag caitheamh anuas ar mhuintir Chonamara. Bíonn sé ag rá nach maith leis iad.

"Tá sé go maith, tá. Tá go leor programme-achaí maith air. Ros na Rún, Hiúdaí agus CU Burn agus bíonn Sibín go maith, bíonn sé. Tá mé ag ceapadh gurbh é Hiúdaí is fearr liom."

"Tá Hiúdaí funny. Bíonn sé ag rá 'Níl aon tóin tinn mar do thóin tinn féin.'"

"Bíonn Hiúdaí funny. Bíonn daoine ag calláil agus spraoieann siad games agus caitheann siad saveáil daoine atá air. Ghlaoigh mé ar Hiúdaí ach ní raibh aon answer air."



C.U. Burn: An Clár is fearr le muintir Chonamara?

"Tá sé alright. C.U. Burn is fearr liom. Bíonn hearse acu, bíonn siad ag dul timpeall ag bailiú daoine cáillte. Ní maith liom Hiúdaí. Bíonn sé ag caitheamh anuas ar mhuintir Ros Muc agus Charna agus ag rá nach bhfuil aon mhaith leo."

Bím ag breathnú ar Bugs Bunny. Oh! ní bhíonn sé sin ar TnaG."

Is maith liom "Kúigear Kangarú". Bíonn siad ag spraoi basketball. Is maith liom CU Burn freisin. Bíonn siad funny. An gcuimhníonn tú ar an gceann, bhí siad ag tabhairt an báid agus duine dead ann agus chaith siad dhul isteach sa mbosca agus chaith siad cuir an engine ar an mbosca. Bhfuil a fhios agat an lid? Bhuel chaith siad cuir an body ar sin agus chaith siad cuir rópa ar agus báthadh iad mar gheall bhí cailín leo

agus bhí brógaí dona aici. Brógaí atá in ann poll a dhéanamh san adhmaid.

"Bíonn mé ag breathnú ar TnaG. Bíonn Gay Byrne corr uair air agus Mike Murphy. No hí hea. Ar an teilifís a bhíonn sé sin. Bíonn dráma ar TnaG. Bíonn iníon Sonny an Droichid air. Ros na Rún. Sin anois é. Taithníonn sé sin iontach liom."

"Bhuel, tá sé alright. Ní mhór beagán eile Ghaeilge a bheith air. Ba mhaith liomsa ceol and amhráin agus damhsa a bheith air. Níl a ndóthain dhó sin air."

"Bím ag breathnú ar chuile rud air. Bíonn sé thar cinn. Dallas agus Fair City na cláracha is fearr liom, a stór."

"Bíonn an iomarca Béarla air. Más le haghaidh Gaeilge é tuige nach Gaeilge atá air."

"Tá sé go maith. Chuile bhlas dá bhfuil air. Damhsa, amhráin agus chuile shórt. Tá neart Gaeilge air."

"Ta sé réasúnta ach d'fhéadfadh sé a bheith níos fearr. D'fhéadfadh cláracha níos éagsúla a bheith air. Tuilleadh soap operas agus cláracha spóirt. Ba cheart níos mó as Chonamara a bheith air."

"Bíonn cláracha maithe air. Is maith liom Hiúdaí. Is maith liom na pop amhráin a bhíonn's air. Ní maith liom Ros na Rún. Ní feictear dhom go bhfuil na haisteoirí an mhaith."

"Ta sé alright. Ní bhíonn a dhóthain faoi Chonamara air. Ba cheart football agus news faoi Chonamara a bheith air. Bíonn an iomarca shit ag Hiúdaí ag jokáil faoi Chonamara. Ta Ros na Rún alright dá leanfá é ach is fearr busy mé féin. Ní bhíonn aon am agam a bheith ag breathnú air."

Séipéal Chamuis —céad bliain slánaithe aige

Pádraig Seoige

Tá 100 bliain slánaithe ag Teach Pobail Chamuis. Ba ar an 15 Lúnasa 1897 a beannaíodh séipéal nua i gCamus, agus bhí an méid seo a leanas i gcló in *Irisleabhar na Gaeilge*, mí Iúil 1897.

"The dedication of the Camus church in Connemara will take place on the 15th of August. This church has been erected in a very poor district in the wilds of Connemara by the untiring assertions of Father Joseph Cassidy, Rossmuck, Maam Cross, Co. Galway, replacing the old last chapel — last of its

kind in Ireland. The ceremony is to be performed by most Rev. Dr. McCormack, bishop of Galway. It is to begin with Solemn Mass at 11.00 a.m. The sermon will be preached in Irish by the accomplished Irish Preacher, Rev. M.D Conroy, Parish Priest Spiddal. As this is perhaps the first occasion in a century on which a dedication sermon has been preached in Irish, those who love the national tongue should avail themselves the opportunity to be present. Visitors should reach Maam Cross by train on Saturday. The station is only five miles from the new church (ag an am sin). We are sure that many of

our readers will not fail to show their appreciation of the importance of this event by, if possible participating in its celebration"

RÉAMHBHUNÚ

Sular bunaíodh an sean-séipéal ar an láthair seo i gCamus is cosúil go raibh amhras faoi cén áit ar cheart é a thógáil. Bhí sé leagtha amach go dtógfaí ar ionad éigin eile an séipéal ach de réir cosúlachta bheartaigh lucht na hEaglaise nó an chléir b'fhéidir (más iad siúd iad) go mbunófaí é ar bhrúach na farraige san áit a bhfuil an séipéal ó shin agus freisin go bplúchfaí le crainnte é, rud de réir cosúlachta a bhí fíor mar go mbíodh a lán crainnte timpeall ar an séipéal sular athchóiríodh é i 1985. Beannaíodh an séipéal athchóiríthe i searmanas athchoisreaca a bhí ar siúl ar an 16 Márta, 1985.

Gearradh anuas cuid mhaith de na crainnte go háirithe an t-am a raibh áit páircéala á dhéanamh ann roinnt mhaith blianta ó shin. Thóg an áit páircéala seo roinnt mhaith ama freisin ach b'fhiú an tairbhe an trioblóid. Níl morán crainnte timpeall ar Theach an Phobail anois agus tá radharc níos mó

fós ag lucht an bhóthair is bealaigh air.

AN SÉIPÉAL MAR A BHÍ

Tá leagan amach difriúil go hiomlán ar an séipéal nua anois seachas mar bhí. Roimhe sin agus is cuimhneach liomsa i mo ghasúr beag go raibh boscaí faoistine srl. sa sean séipéal. Bhí an altóir thíos san áit a bhfuil áit suite anois in aice an dorais cé go bhfuil an *Sacristy* mar a thugtar air san áit chéanna fós. Is maith is cuimhneach liomsa é agus mé i mo ghasúr óg ag freastal don sagart. Ba é an tAth. Ó Lorcáin, an chéad sagart ar fhriotháil mise dó i gCamus. Bhí sé mar shagart paróiste i Ros Muc le gairid freisin ar ndóigh. D'fhriotháil mé ina dhiaidh sin don Ath. Tomás Ó Ceallaigh.

Ba laethanta pléisiúrtha a bhí iontu sin agam féin agus mo chomrádaithe a bhíodh ag friotháil an Aifrinn sa sean séipéal ag an am. Ní bréag a rá ach gur bhain muid taitheamh astu agus tá cuimhní cinn agamsa ar na laethanta sin fós. Tá a lán de na seandaoine a bhíodh ag freastal ar an Aifreann ag an am ó gach baile imithe ar shlí na fírinne anois, go ndéana Dia maith orthu.

Má tá feabhas as cuimse (más sin an focal) tagtha sa saol ó shin, fós ba deas agus ba nádúrtha an sean dream úd. Ach oiread leis an séipéal féin tá athrú tagtha ar an Aifreann. Tá Aifreann againn ar thráthnóna Dé Sathairn 8.00 p.m. Rud eile fós ná nach raibh na mná ná na fir ag roinnt an chomaoinigh ag an am ná níor síleadh go mbeadh aon chaint air. Sin tuairm 20 bliain ó shin agus nach mór an t-athrú atá tagtha ó shin más chun leasa an phobail é. Mura bea tá súil againn nach chun aimhleasa an t-athrú mór seo go léir.

Dála an scéil bhí clog an tséipéil ann an uair sin freisin agus is cuimhneach liomsa cúpla fear ag tarraingt an tsabhra mhóir chun clog an Aifrinn a thosnú. Tá an clog difriúil anois freisin cé go bhfuil sé ann agus nuair a chloisfeá an clog ag bualadh bheadh a fhios agat go mbeadh sé in am agat a bheith ag tógáil do shuíocháin le Aifreann a éisteacht.

Ceapaimse go bhfuil an séipéal suite i suíomh deas ar bhrúach na farraige cé nuair a bhíodh taoille árd ann san am a caitheadh go dtagadh an t-uisce isteach i dtreo an tséipéil agus fiú isteach sa

séipéal féin. Ní minic a tharlaíonn sé seo anois, buíochas le Dia.

SAGAIRT

B'iomaí sagart a bhíodh ag freastal i gCamus ó bunaíodh an séipéal. Ní cuimhneach liomsa ach roinnt bheag díobh agus ba é an tAth. Paddy Callanan P.P an chéad sagart a bhfuil cuimhne agam air. Tá sé imithe as le fada an lá. Ba é an tAth Ó Lorcáin a tháinig ina dhiaidh. Ansin tháinig an tAth. Ó Ceallaigh, an tAth. Mac Gloinn, agus tá roinnt mhaith sagart ar an liosta ina dhiaidh seo — cúpla duine nó triúr díobh nach raibh ann ach seal gairid. Sé an tAth. Gearóid Ó Gríofa atá linn i gCamus anois le roinnt blianta, bail ó Dhia air. Ba col ceathar leis an tAth. Ó Catháin a bhí ann roimhe agus ba lena linn siúd a h-athchóiríodh an séipéal. Is as Inis Oírr iad beirt. Go maire siad ar fad a nuaíocht agus go gcúití Dia a saothar leis na sagairt a bhí i gCamus agus atá beo fós agus go ndéana Dia maith orthu siúd atá imithe ar shlí na fírinne. Mar a deireann an sean-fhocal "Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní mhaireann an láimh a chuir".

T. Ó Máille Teo.

Ros Muc 091-574101

*Grósaer, Crua-earraí,
Soláthraí Tógálaithe,
Éadathóireacht*

Forbairt Pobail Teo

An Spidéal

Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca

Pól Ó Foighil

Teil: 091-553480

Óstán an Dóilín

An Cheathrú Rua
091-95177/95169

Rogha an Óil — Togha an Cheoil

Oscailte ar feadh na bliana
Ceol gach deireadh seachtaine

Déantar freastal ar gach cineál ócáid, cóisir nó bainis.

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

SEIRBHÍS PAS-GHRIANGHRAFANNA

An Cheathrú Rua
Fón: 091-595154/595169 Facs: 091-595154

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Siopa Uí Chonghaile

LEITIR MEALLÁIN, 091-551112

**Grósaer, Peitreal, Gás
Beatha Beithíoch srl**

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca!

Tigh pheardaí mhóir

Báintreach, Baile na hAbhann

BEÁR

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Óst na nOileán

• *Tigh Lee* •

Leitir Mealláin 81161

Óst & Bialann

**Ceol gach
deireadh seachtaine**

Go n-éirí leis an bPléaráca

Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca

TIGH FHLATHARTA

• CASLA •

BEÁR & SIOPA GRÓSAERA

091-572233

Muintir Uí Dhomhnaill SIOPA & TEACH AÍOCHTA

An Cheathrú Rua
Teil: 091-595216

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

COMHARCHUMANN CONAMARA THIAIR Tta

Cill Chiaráin 095-33436
Ros Muc 091-74341

STÓR AN CHOMHARCHUMAINN
Ábhar Tógála agus Feirme

SIOPA AN PHOBAIL

FORBAIRT POBAIL

Go n-éirí go Geal leis an bPléaráca

g gael-linn

Ceirníní Gael-Linn

BLASTA

Cnuasach den scoth ó mhórchéoltóirí na Tíre

JOHN DOHERTY

TAISCE – Atheisiúint ón sárshidhléir Conallach

SEOSAMH Ó hÉANAÍ

Ó MO DHÚCHAS

– Sáramhránaíocht ón Máistir é féin

CEOL BINN BLASTA ó:

Ceirníní Gael-Linn

26 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Fón: 01-6767283
Faics: 01-6767030

TIGH CHUALÁIN

Coill Rua, Indreabhán

B&B

'Bíodh deoch agat ar do chompóird'


Pádraic Ó Séaghdha

SPAR 

Ros an Mhíl, Baile na hAbhann
Teil: 091-72132

OLLMHARGADH

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara



bréag

DÉ SATHAIRN 20 MEÁN FÓMHAIR
11i.n. GALFMARA, EANACH MHEÁIN

clár imeachtaí an phléaráca

Déardaoín 18 Meán Fómhair

- 8.00 i.n. *Tigh Pheadair Mhóir, Bánrach, Baile na hAbhann.*
Oscailt oifigiúil le Seosamh Mac Donncha, Uachtarán, C.L.G.
Bronnfar Gradam an Phléaráca tar éis na hoscailte
- 9.30 i.n. *Tigh Pheadair Mhóir, Bánrach,*
OÍCHE ÁIRNEÁIN le **Joe Steve Ó Neachtain** ina fhear a' tí.

Dé hAoine 19 Meán Fómhair

- 8.00 i.n. *Scoil na hAirde, An Aird Thiar, Carna.*
Oíche Scéalaíochta agus Seanchais le **Eddie Bheartla Ó Conghaile** ina fhear a' tí. Seolfaidh Liam Mac Con Iomaire **DIÚTH DHIOSCA** agus **Caiséad** foilsithe ag Cló Iar-Chonnachta le **Peadar Ó Ceannabháin, Aill na Brun.**
Urraithe ag Comharchumann Chonamara Thiar agus Cló Iar-Chonnachta
- 8.30 i.n. *An Cheathrú Rua*
KARAOKE TRÍ GHAEILGE i Réalt an Maidine.
1ú duais: £80; 2ú duais: £40 3ú duais: £20.
- 10 i.n. *Tigh hAnraí ar an Droim, Leitir Móir*
Seisiún Ceoil le **Ceoltóirí an Phléaráca** ag ceiliúradh oscailt Seanscoil na Trá Báine



Joe Steve agus Máire Uí Neachtain i mbun agallamh beirte

Dé Sathairn 20 Meán Fómhair

- 2.00 i.n. *Carna Comórtas Peile na mBan - 7 a' taobh.*
Páirc Charna.
Eolas: Máire Uí Fhlatharta, 095-32569
- 3.30 i.n. **GEALLTA BÁC SEOIL i gCuan Chasla.**
Gleoitogaí Beaga & Móra, Púcáin, Dinghies. Cuirfear greim le hithe ar fáil tar éis na ngeallta do na criúanna go léir, Tigh a' Táilliúra.
Urraithe ag Island Ferries
- MARATÓN NA NAOMHÓG**
ó Thrá an Dóilín go hEanach Mheáin, ag fágáil Trá an Dóilín ar 6.00 i.n.
Oscailte do chriúnna fir agus do chriúnna ban.
(Eagraithe i gcomhar le Coiste Féile Curach Eanach Mheáin)
Urraithe ag Guinness

- 4.30 i.n. **GEALLTA BAD SEOIL i gCuan Chasla.**
Báid Mhóra agus Leathbháid.
(Eagraithe i gcomhar le Cumann Húicéirí na Gaillimhe)
Urraithe ag Guinness
- 5.00 i.n. *Tigh an Táilliúra, An Cheathrú Rua*
Tráthnóna na mBoscadóirí Ceoil
- 7.30 i.n. *An Choill Rua, Cois Fharraige*
CORN TOM PHÁIDÍN TOM:
Comórtas Amhránaíochta ar an Sean-Nós
Tigh Chualáin, Coill Rua.
Fear an Tí: Máirtín Tom Sheáinín. 1ú duais: Corn Tom Pháidín Tom + £150; 2ú duais: £75; 3ú: £50.
Urraithe ag Tigh Chualáin

18-21 meán fómhair 1997

- 10 i.n. *Ionad Pobail Chamuis*
Céilí Seiteanna le **hEsger Riada**

- 11 i.n. *An Clubtheach, Eanach Mheáin*
BRÉAG

Dé Domhnaigh 21 M. Fómhair

- 8 r.n.-4 i.n. *Eanach Mheáin*
Galfchumann Oileáin Chonamara
Comórtas Oscailte Gailf
Eolas: 091-572498

- 1.00 i.n. *Ionad Pobail Chamuis.*
Ceardlann Seiteanna

- 2.00 i.n. *Camus*
Lá Spóirt ar Pháirc Chamuis
Aclaíocht, Tarraingt Téide, Rása an Tower, Caitheamh Cruifí srl.

- 2.30 i.n. *An Chrannóg, Ros Muc*
Cómórtais Amhránaíochta ar an Sean Nós do dhaoine óga i gcuimhne ar Sheán Chóilín Ó Conaire.
Trí roinn sa chomórtas: faoi 12 bl.; os cionn 12 bl. agus faoi 17 bl.; os cionn 17 bl. agus faoi 21 bl. Bronnfar bonn óir ar an mbuaiteoir, bonn airgid don dara háit agus bonn cré-umha don tríú háit.
(Le tacaíocht ó Tigh Mhaidhcó agus Tigh Chlarke)

- Cómórtas Damhsa ar an Sean Nós do dhaoine óga.** Faoi bhun 18 bl. Bronnfar bonn óir ar an mbuaiteoir, bonn

airgid don dara háit agus bonn cré-umha don tríú háit.

Cómórtais Feadóg Stáin do dhaoine óga. Bronnfar bonn óir ar an mbuaiteoir, bonn airgid don dara háit agus bonn cré-umha don tríú háit.

- 4.00 i.n. *Béal a' Daingin*
Comórtas SAIGHEAD (Darts) Teach a' Daingin. Comórtas do fhir agus comórtas do mhná.
Beidh corn agus £80 le fáil ag buaiteoirí i ngach comórtas agus £40 don dara háit.

- 4.00 i.n. *An Droim, Leitir Móir*
Comórtas "POOL"
Tigh hAnraí ar an Droim. Comórtas do fhir agus comórtas do mhná.
Beidh corn agus £80 le fáil ag buaiteoirí i

ngach comórtas agus £40 don dara háit.

- 5.30 i.n. ***Áit le socrú: Tráthnóna Filíochta an Phléaráca**

- 8.00 i.n. *An Clubtheach, Eanach Mheáin*
ZAK POWERS, Seó Draíochta as Gaeilge


- 8.30 i.n. *An Chistin, An Cheathrú Rua.* **Comórtas Damhsa ar an Sean-Nós** i gcuimhne ar Mháirtín Beag Ó Gríofa. 1ú duais: **Corn Tigh Sé** + £100; 2ú duais: £70; 3ú duais: £50.
Fear a' Tí: Máirtín Jaimsí Ó Flaithearta.

- 11.00 i.n. *Óstán na Ceathrún Rua:*
Damhsa an Dreoilín le SEÁN MONAGHAN AGUS AN MÁIMÍN CAJUN BAND



Maith thú a Mháire! Bronnann Máirtín Tom Sheáinín Gradam an Phléaráca ar Mháire Ní Chonghaile, Ros Muc, ag ócáid oscailte Pléaráca '96 i dTigh Antaine Laoi.

Drong nua de Dhamhsóirí Sean-nóis Chonamara



(Ar chlé) Eibhlín Ní Chonghaile, an damhsóir is mó díograis amuigh agus gan í ach 10 mbliana d'aois; (sa lár) Róisín Ní Mhainnín as Rso Muc agus (ar dheis) Seosamh Ó Neachtain as an Coilleach, An Spidéal. Sé an t-aon damhsóir a bhain amach Craobh Shóisir agus Craobh Shinsir an Phléaráca.

FEARACHT REIGIÚIN EILE SA tír, tháinig scoth na n-ealaíontóirí tradisiúnta amach as Conamara. Ba ceardaithe ar dhamhsa tradisiúnta Chonamara leithéidí Mháirtín Beag ó Gríofa, Phádraig Cháit Bhreathnach agus an cuairteoir féilteúil Paddy Bán ó Broin, a shoilsiú mar réalta eolais don ghlún nua damhsóirí a chuala na n-ainmneacha luaite ach nach bhfaca raimh ar chlár urláir iad.

Le sainmhíniú a thabhairt ar stíl Chonamara ní mór a léiriú gur ar an tsáil agus nach ar bhonn na coise a ligtear an meáchan. Tháinig stíl

Chonamara chun cinn de bharr an damhsa a bheith á chleachtadh ag oícheanta áirneáin agus sna tithe tábhairne. Is le ríghairid a tugadh spás dhó ar ardán an choirmcheoil. Fágann sin nach bhfuil aon éide faoi leith ná aon "bhróga damhsa" gearrtha amach go speisialta lena aghaidh.

Cosa ar talamh, gluaiseacht scaoilte, éagsúlacht sna céimeanna a dhéantar ar bheagán fairsinge agus na lámha ag bogadh, na tréithe a bhaineann leis an damhsa seo a tháinig aniar le hoidhreacht ón am ar "daimsíodh" ar leathdhoirse nó ar chláracha bairillí é.

I láthair na huaire ní féidir gan "Riverdance" a lua agus tagairt á

dhéanamh do "damhsa Gaelach". Le 15-20 bliain anuas bhí Michael Flatley ar cur drithlíní iontais ar dhaoine ar fud Mheiriceá lena dreasanna damhsaí Gaelach ar stáitse. Ba é an dul céanna ag sean-nós Chonamara é.....bhí sé "ann i gcónaí".

Ní i nGaeltacht Chonamara Theas amháin atá damhsa ar an sean nós le fáil. Luíonn sé le réasún go mbeadh scothdhamhsóirí sean-nóis le fáil in Árann agus i Rath Cairn- damhsóirí mar Eddie John Ó Biataigh, Marcus Ó Flaithearta agus Gráinne Mharcuis as Árann atá in ann cois a bhualadh chomh maith leis an gcuid is fearr acu. Maidir le Rath Cairn, tá an áit lán leo.

Tá Micheál Og O Súileabháin, damhsóir lúfar, uaillmhianach, ar dhuine de na heisimircigh cultúir seo. Tá moladh ag dul do i, do Mháirtín Chóil Neaine Pháidín, do Cholm agus do Phádraig Mac Donncha agus do Chaitríona Ní Laoire as An Tulach Ard, bean atá ag teacht chun cinn anois mar dhamhsóir. B'fhéidir gurb í an bhean óg seo "Róisín Ní Mhainnín Rath Cairn" sa méid is gurb í plúr na mban óg í agus go bhfuil sí oile i gceimeanna an damhsa fhoirmeálta Ghaelaigh.

Ní sa Ghaeltacht amháin atá an stíl damhsa shean-nóis le fáil. Bheadh Doiminic Nicholson buaiteoir ag Féile Chruite Uí Chearráláin, in ann an fód a sheasamh agus bheadh moladh tuillte aige pé ar bith áit ina sacfaí sáil nó ina luasfaí lámh. Mar a chéile le David Noone, buachaill óg dhá bhliain déag d'aois, a lámh ina phóca aige agus é ag pramsaíl thart ina bhróga reatha Nike. Bhí a chéimeanna boinn le talamh chomh maith is a d'fhéadfa a fháil taobh istigh den Ghaeltacht.

Tá isteach is amach la céad damhsóir sean-nós ina gconaí idir Na hOileáin agus uaidh sin siar go Cill Chiaráin/Carna ach ba iad Pádraig Bradley agus Séamas Devanney, an bheirt ba mhó chú agus cáil go dtí le deireanas.

Sé Cóilín Sheán Dharach ón Cladach Ó Dheas an damhsóir sinsearach is mó atá ar a chois fós agus an té is mó a bhfuil meas air agus ómós ag dul dó. Tá 78 bliain bainte amach ag Cóilín ach fós tugann sé faoi na cláracha agus is é an t-aon duine amháin fós a bhain Corn Mháirtín Beag ó Gríofa amach faoi dhó. Ní thugann Cóilín mórán áite dó féin agus bíonn sé de nós aige a phatrún de thrí nó cheithre chéim a bhriseadh ar scála 8 mbarra (16 buille) beagnach mar a dhéanfeadh an damhsóir oile. Cé go n-ardaíonn sé a lámha ó am go ham coinníonn sé a cholainn ard, tanaí,

chomh díreach le slis. Go maire sé an céad!

Tá dream óg de dhamhsóirí sean-nós tagaithe ar an bhfód. Tá curadh Phléaráca an lae inniu 60 bliain níos óige ná Cóilín. Thug Seosamh Ó Neachtain as An Spidéal an craobh leis

i gcomórtas damhsa ar an sean-nós, ag Féile an Phléaráca, dhá bhliain as a chéile....mar shóisear i 1995 agus anuraidh mar shinsear. Fear óg ard tanaí é, mar is iondúil lena lán damhsóirí sean-nóis, agus tá an-chosúlacht idir a chuid céimeanna agus



Liam Ó Flatharta as Ceantar na nOileán

céimeanna Phádraig Uí Oipicín, a uncail.

Sí Róisín Ní Mhainnín spéirbhean dhosháraithe an dhamhsa sean-nóis. As Cill Bhriocháin, Ros Muc í agus ó bhí sí ceithre bliana d'aois tá oiliúnt á chur uirthi sa damhsa foirmeálta Gaelach. Ghlac sí páirt i gCraobh Chomórtas Rince na Cruinne agus fuair sí an dara háit i gCraobh Chonnacht i 1996. Is cinnte go bhfuil an ceart ag a máthair nuair a deir sí, le bród, nár bhain aon damhsóir eile as Conamara an oiread amach is a bhain Róisín.

Sí Mary Margaret Sonny Choilm Learaí as an gCorra Bhuí an t-aon damhsóir is gaire do Róisín Ní Mhainnín ó thaobh míne, scaoilteachta agus pointeáilteachta de.

Ach ní bhfuair sí aon oiliúnt fhoirmeálta riamh. Seacht mbliana déag atá Mary agus tá sí ag damhsa beagnach chomh fada is atá Róisín ach gurbh ar urlár a tí féin a phioc Mary suas a céimeanna ... óna mhuintir agus óna seanmhuintir agus óna deartháir Labhrás. Bhain Mary Margaret an chéad áit amach ag comórtas damhsa faoi 25 ag Féile Uí Chearraláin na

bliana seo caite. Tá sé ar an dornán beag damhsóirí as Chonamara a choinníonn cois de réir an tsean-nóis le "Connachtman's Rambles" (port in áit ril).

Tá céimeanna Mhary mín réidh agus pointeáilte ach is i ndamhsa a dheirfiúr, Eibhlín, a léirítear an ceandánaíocht, an díograis agus an spleodar. Níl sí ach deich mbliana d'aois agus tá pátrúin de céimeanna aici nach bhfuil ag aon damhsóir eile a thagann os ár gcomhair i láthair na huaire.

Is maith uathí freisin an lucht féachana a thabhairt léi agus ardaítear gártha molta nuair a bhíonn a cuid lámha ag luascadh nó nuair a "dhaimsiúnn" sí Damhsa an Druncaera gan Steár nó Damhsa an Bhacaigh ar tharraing Paddy Bán O Broin, go ndéana Dia trócaire air, cáil air.

Duine eile atá ag tabhairt an lucht féachana leis le fada is ea Noel Mháirtín Beag O Gríofa. Creidtear gur chuir sé go mór le éagsúlacht a chuid céimeanna ó phós sé Áine Nic Dhonncha, arbh as Ros Muc agus An Cheathrú Rua a muintir agus a bhfuil cáil bainte amach aici féin mar dhamhsóir thall i Londain.

Tugann Noel an slua leis agus é ag síneadh agus ag luascadh na lámh ... cleas atá piochta suas ag Eibhlín Ní Chonghaile uaidh.

Is buntáiste d'Eibhlín agus dá deirfiúr Mary, agus is cinnte gur buntáiste do Ghráinne Mharcuis agus do Róisín Ní Mhainnín, go bhfuil cónaí orthu i gceantair a bhfuil seinm ar an mbosca ceoil, amhránaíocht agus damhsa fós mar ghnáthchuid de shaol sóisialta na ndaoine. Ach tá athrú ag teacht ar an saol agus, de réir a chéile, tá ealaíona traidisiúnta an chultúir á mbrú isteach i suíomhanna neamh-thraidisiúnta.

Mar sin féin ní dochar do shean-nós Chonamara go ceann tamaill ar aon nós agus is é ár nguí go n-aithneofar réalta óige an lae inniu — Róisín, Mary Margaret, Gráinne Mharcuis, Eibhlín Sonny Choilm Learaí, Caitríona Ní Laoire, "Joe" Neachtain agus Mícheál O Súilleabháin — mar shárdhamhsóirí i súile na nglúnta atá romhainn.

Cá bhfios nach bhfaigheadh damhsa sean-nóis Chonamara barr-bua ar Riverdance lá breá éigin amach anseo.




Eoin Pháid Breathnach ó Na hAille i gCois Fharraige — an damhsóir ab óige a thóg páirt sa gcomórtas damhsa ar an sean-nós ag Pléaráca Chonamara anuraidh. I mbliana beidh an chomórtas do dhaoine óga ar bun sa Chrannóg, Ros Muc ar an Domhnach, 21 Meán Fómhair.

pic: Bob Quinn

Coláiste Chamuis

Indreabhán, Co. na Gaillimhe



Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca

TIGH DURKAN

An Tulach, Baile na hAbhann Teil: 593156

Úinéir: Eoin Ó Dúrcáin

Grósaeirí - Gás
Nuachtáin - Péint

Go n-éirí le Féile an Phléaráca!

An Biúró Gnó

TREASA DUNDASS

Coill Sáille, Cill Chiaráin, Conamara

Teil/Facs: 095-33457/33571

Email: biurogno@iol.ie

Leabhar Choimead • VAT/P.A.Y.E.
Páigh • Fótóchóipeáil • C.V. • Thesis
Laminating • Binding
Seirbhís Fóin/Facs/EMail

Damhsa an Cháca

PÁDRAIG Ó HÉALAÍ

Ó tháinig ann do Phléaráca Chonamara tá aird faoi leith dírithe ar dhamhsa ar an sean nós sa Ghaeltacht seo agus is léir go bhfuil borradh nua tagtha i suim an phobail trí chéile sa ghné seo den traidisiún. Sa chomhthéacs sin, b'fhéidir gur spéis le léitheoirí na hirise seo nós a bhain le hócáidí damhsa sa seansaol agus a luaitear go háirithe le cúige Chonnacht. Tá cuntais ar an nós seo tiomsaithe ag Séamus Ó Duilearga in Béaloideas 11 (1941), 126-42, agus is féidir a bhfianaise a chur go hachomair mar leanas: shocraíu cáca (maisithe) ar loine (nó ar fhearas cuí eile) agus bhíodh sé ar teaspeánt ar láthair an damhsa mar a ndéanfaí é a bhronnadh ag deireadh an chruinnithe ar an damhsóir ab fhearr sa chomhthionól. Thabharfadh sé siúd an cáca dá rogha cailín nó roinnfeadh sé féin ar an gcomhluadar é.

Baineann an cuntas is sine ar an nós atá áirithe ag an Duileargach leis an mbliain 1682 agus tagraíonn sé do Cho. na hIarmhí. Dá réir seo b'iad an fear agus an bhean ab fhearr damhsa a gheibheadh an cáca:

On the patron-day in most parishes, as also on the feasts of Easter and Whitsun-tide, the more ordinary sort of people meet near the ale-house in the afternoon or some convenient spot of ground and dance for the cake; here to be sure the piper fails not of diligent attendance; the cake to be danced for is provided at the charge of the ale-wife, and is advanced on a board on the top of a pike about ten foot high; this board is round and from it riseth a kind of a garland, beset and tied round with

meadow flowers, if it be early in the summer, if later, the garland has the addition of apples set round on pegs fastened unto it; the whole number of dancers begin at once in a large ring, a man and a woman, dance around the bush, so is this garland called, and the piper so long as they are able to hold out; they that hold out longest at the exercise win the cake and apples and then the ale-wife's trade goes on.

Tá cúig chuntas eile ar an nós luaite ag an Duileargach agus tagraíonn siad go léir d'iarthar na hÉireann san aois seo caite. Tá tuairisc eile ar dhamhsa an cháca ag Pádraig Ó Moghráin ó Mhala Raithní i gCo. Mhaigh Eo in Béaloideas 15 (1945), 272-4 agus tá plé air freisin ag Breandán Breathnach in Ceol agus Rince na hÉireann, Baile Átha Cliath 1989, 172-4. Sa bhliain 1941 chuir Coimisiún Béaloideas Éireann ceistneoir amach faoi dhamhsa an cháca go comhfhreagraithe dá gcuid i gConnachta agus i gCo. an Chláir agus is léir ó na freagraí, a bhfuil a bhformhór foilsithe ag an Duileargach, go raibh damhsa an cháca ag dul i léig faoi dheireadh na haoise seo caite.

Bhí an tAthair Eric Mac Fhinn orthu siúd a thug freagra ar an gceistneoir agus i measc míreanna eile a chuir sé go dtí an Coimisiún tá an píosa seo a thóg sé ó Bhríd Ní Chatháin, Baile Liam, An Spidéal, a léiríonn go mbíodh an cáca mar dhuais i gcomórtais eile chomh maith le comórtas damhsa:

Bhíodh go leor cluichí ar siúl fadó Domhnach Cásca. Bhailíodh muintir na tíre le chéile thar éis dinnéar na Cásca. Thosaíodh na fir óga ag caitheamh cloch meáchain. An fear is faide a chaitheadh an chloch bhí duais le fáil aige. San am sin bhí siopaí beaga sa tír,

agus bhéarfadh an siopadóir cácaí deasa agus buidéal uisce beatha go dtí an áit a mbíodh an slua bailithe. Ansin cuirí cois na loine ina seasamh sa talamh agus fágtaí na cácaí agus an buidéal ar cheann na loine. Bhíodh cead ag an bhfear a ghnóthaigh siúl go dtí an loine agus cáca agus cuid den uisce beatha a thabhairt leis. Nuair a thagadh an oíche théadh an slua go dtí teach éicint agus bhíodh damhsa agus féasta mór [acu].

Bhíodh duaiseanna eile seachas cáca le gnóthú ar chomórtais damhsa sa seansaol. Ag deireadh an seachtú haois déag luann John Dunton máilín snaoisín agus péire bróg mar dhuaiseanna ina leithéid de chomórtas agus tráchtann sé freisin ar bhean a fuair fear céile de bharr a cumais rince:

Hither all the people resort with a piper on Sundays or holydays in the afternoon, where the young folk dance till the cows come home (which by the by they'll do without anyone to drive them). I have seen a short truss young woman tire five lusty fellows who hereby gets a husband. I am sure I should hardly venture myself with one who had been so able for so many. The elder people sit telling stories of their own feats in days of yore. (E. MacLysaght, Irish Life in the Seventeenth Century, Cork 1939, 354).

I bhfreagra an Athar Eric ar cheistneoir an Choimisiúin tá an cuntas seo a thóg sé ó Mháire Chaomhánach in áit eigin nach luaitear i gCo. na Gaillimhe:

Meán lae Domhnach Cásca, timpeall leathuair tar éis a haon, bhíodh damhsa ag na daoine i dtéach faoi leith. Bhíodh trí cácaí mílse fágtha ar bharr cuinneige i lár an urláir. Bhíodh chuile dhuine ina shuí thart timpeall an tí agus bhíodh naonúr ceoltóirí ag suí ar

shuíocháin faoi leith faoin bhfuinneog. Thosaíodh an ceol. Bhíodh naonúr fear ar an urlár agus bean ag gach duine acu agus iad ag damhsa timpeall na cuinneige. Nuair a bhíodh cúpla damhsa thart pioctaí amach an damhsóir fir ab fhearr agus gheobhadh sé ceann de na cácaí.

Bhíodh dream eile de na daoine óga [lasmuigh] ag bualadh báire ag coirnéal eile den teach agus an t-íománaí ab fhearr gheobhadh sé an dara cáca. Bhíodh dream eile ag caitheamh fáinne agus an duine ab fhearr chuige gheobhadh sé an tríú cáca.

I bhfreagra amháin as ceantar Iorrais luaitear mar d'eascair an leagan cainte 'thóg sé an cáca' as an nós seo:

Bhí sé ann le mo linn fhéin, ach ní fhaca mé an damhsa mar sin ariamh mé fhéin. Tá cuimhne mhaith agam gur mhothaigh mé mo mháthair ag rá gur thóg a hathair an cáca ag teach damhsa eicint. Ba é an daimhseoir agus an ceolteoir a b'fhearr a dtáinig leis an cáca a thógáil anuas — agus ansin tháinig leis an cáca a thabhairt don

bhean ba mheasa leis sa teach.

Is minic a mhothós tú daoine anois ag rá faoina leithéide seo nó a leitheide siúd gur 'thóg sé an cáca' má rinne sé cineál gaisce ar bith níos fearr ná an chuid eile. Sin é an chaoi ar tháinig an chaint sin ó thúis. Ba ó ghraithí an cháca ag an damhsa a tháinig sé uilig.

Sa phlé ar bhunús an leagain Bhéarla 'to take the cake' in E. C. Brewer, The Dictionary of Phrase and Fable, London 1978, 198, luaitear damhsa an cháca in Éirinn ach tagraítear freisin don nós cáca bheith mar dhuais i gcomórtas i gcoiscéimeanna siúil ('cake walk') a chleachtadh na daoine gorma i ndeisceart Stáit Aontaithe Mheiriceá agus luaitear chomh maith go mbíodh cáca mar dhuais i gcomórtais ólacháin sa Ghréig anallód.

Thuigfí ó chuid mhaith de na cuntais ar dhamhsa an cháca gur d'aonghuth a roghnaítí an damhsóir nó na damhsóirí ab fhearr sa chomórtas ach tugann Rev. James Hall, Tour through Ireland (London 1813, 31-2) le fios ina thuairisc ar an nós mar chonaic sé i gCo.

Liatroma é, gurbh é fear an ósta féin a bhíodh mar mholtóir nuair a chuireadh sé an cáca ar fáil, agus go deimhin, go léiríodh sé fabhar le custaiméir maith:

It is no uncommon thing to see groups dancing on the roads and by-corners on Sundays and holydays, after prayers; no house being able to hold the numbers which, in fine weather, generally meet on these occasions.

It often happens that some innkeeper, in the vicinity of a dance, sends a loaf, of less or more value, not exceeding five shillings, to be given as a premium to the best dancer; in other words to the person who spends most money at the inn. Many times the young men spend more than they can spare, to have the pleasure, and as they esteem it, honour of dividing this loaf among the dancers.

Pé lochtaí a fhaightear ar mholtóirí chomórtas dhamhsa an Phléaráca sa lá atá inniu ann, ar a laghad ar bith, is féidir bheith buíoch nach é an ceann seo é!

Tigh Leavy

Beár & Deochlann
Bialann & Siopa

Cill Chiaráin, Conamara
Fón: 095-32230

TIGH HENRY

An Droim, Leitir Mór
Teil: 091-551106

Beár, Ceol & Craic

—Seirbhís Sochraide—

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Nioclás P. Ó Conchúir

LEITIR MÓIR
Teil: 551114 (obair); 551102 (baile)

SIOPA CRUA EARRAÍ

Pluiméireacht • Adhmad
Earraí Leictreach • Péint

Cniotáil Ros Muc

Earraí Cniotáilte déanta uiliog in Éirinn
Gach saghas earraí cniotáilte ar fáil
Beidh fáilte romhat
Buail isteach chugainn

Pádraig agus Mairéad Ní Chonaire
Gort Mór, Ros Muc
Fón: 091-574172 Facs: 091-574291

Ag Féile Amharclainne Átha Cliath 1997

Duais-Dhrámaí ag Club na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell

Satharn, 11 Deireadh Fómhair:
Parish House le Pádraig Ó Giollaigáin
á léiriú ag Aisteoirí Bulfin, Baile Átha Cliath

Aoine 17 Deireadh Fómhair:
An Cráiteacháin le Seán Ó Morónaigh
(bunaithe ar Le Malade Imaginaire le Molière)
á léiriú ag Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua



An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta

Garáiste Mháirtín Bán

CASLA

091-572456/572169
Mobile: 087-525088; 088-525088

Seirbhís Aisghabhála 24 Uair an Chloig
Treallamh lascaireachta
Páirteanna athlámha do charranna

Ócáidí

BLÁTHANNA CHONAMARA



BLÁTHANNA DO CHUILE ÓCAID

NA FORBACHA
GAILLIMH
TEL: 091-592992

Tigh Chlarke

Ros Muc 091-574152/574126

Beár & Ceol
Siopa
Funeral Home – Adhlacadóir



STANDÚN TEO.

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-83102/8

SLADMHARGADH AG TOSÚ

8 SAMHAIN
Oscailte Dé Domhnaigh 9 & 16 Samhain

Togha agus Rogha na Tíre
Déan do chuid Siopadóireacht
tré Ghaeilge sa Ghaeltacht

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca



Banc AIB

An Cheathrú Rua
Teil: 595218

Ar Oscailt:
LUAN • DÉARDAOIN • AOINE
10.30–12.30pm
1.30–3pm

Go n-éirí go geal le
Pléaráca Chonmara

An CLaidheamh Soluis

Seo píosa a casadh dhom le ghairid sa bpáipéar a bhí ag Conradh na Gaeilge i dtús an chéid — An Claidheamh Soluis. Bá é Pádraig Mac Piarais a bhí ina eagarthóir nuair a foilsíodh é, i mí Dheireadh Fómhair 1906. Tá sé ionann is a bheith cinnte gurbh é féin a scríobh é. Ní amadán ar bith a bhí sa bPiarais. An t-aon locht a gheobhfá ar an leagan amach a bhí aige ar an scéal, an abairt sin faoin mBéarla — "knowledge of English which is imagined to be so necessary for one who has to make his way in the world." Ní imagination a bhí ann, ar ndóigh, ach dearg riachtanas.

Bhí an-bharúil aige do chúis na Gaeilge i Ros Muc ag an am ar chuma ar bith. Céard a déarfadh sé inniu, meas tú?

"Irish-speaking parents continue to speak English to their children less from any set design than because they have fallen into the habit of it. If you reason with them on the matter they will admit all your arguments with the greatest frankness. They will agree with you that their children ought, on national and other grounds to know Irish; that a knowledge of Irish is not incompatible with that knowledge of English which is imagined to be so necessary for one who has to "make his way in the world"; that the schoolmaster has better English than they (the parents) and that if the English part of the children's education is left to him it runs no possible danger of being neglected. All this will be blandly admitted by almost every Irish-speaking mother with whom you stand for a seanchus at a cottage door. She will even expand and illustrate the argument for you in a wealth of forcible and picturesque Irish, which makes you positively envious. In the middle of the comhrádh Patcheen tumbles in the mud or Máirín pinches the baby. Instantly the mother forgetting all that she has just been admitting—turns around with a "Musha ye have my heart broke Patcheen" or a "Is it at the child y'are agin, Máirín?" We have here an amazing and an almost baffling problem in psychology. Has the woman being simply pretending to agree with you out of Irish politeness? Has she, happily, being poking fun at you? Or does English come from the lips quite undeliberately and from pure force of habit the instance she turns to address her child? The last-named seems to be the only tenable explanation.



Seosamh Ó Cuaig atá faoi láthair i mbun taighde air stair Charna. Tháinig sé ar an bpíosa suimiúil seo ó pheann an Phiarsaigh agus é i mbun a chuid oibre. Is fada linn go mbeidh toradh a shaothar le léamh againn. pic: Bob Quinn

It has grown to be an instinct with the majority of Irish speakers to use Irish when speaking to adults and English when speaking to children. They are hardly conscious that they differentiate in the matter. They have done it all their lives. They do it now in spite of their conviction that they ought not to do it.


It has grown to be an instinct with the majority of Irish speakers to use Irish when speaking to adults and English when speaking to children. They are hardly conscious that they differentiate in the matter. They have done it all their lives. They do it now in spite of their conviction that they ought not to do it."

"It is this that is killing the Irish language in its last strongholds. The custom is all but universal in the Déise. We have observed it in Baile na nGall. We have observed it in Baile Mhuirne, within a hundred yards of the splendid League Hall erected by An Dochtúir. We have observed it in Béal Átha an Ghaorthaigh. We have observed it in Ara na Naomh. We have observed it throughout wide stretches of Conamara, more especially North Conamara. We observed it last week in Tír Chonaill. The only considerable district with which we are acquainted in which the practice has not yet gained a footing is Ros Muc.

Who will rise up to preach throughout the Gaedhealtacht a crusade against a habit which if persisted in for another generation, will have annihilated the Irish language? The efforts of ten or twelve League Timthirí can avail but little. The work of twenty or thirty múinteoirí taistil scattered through the Irish-speaking territory will prove hardly more far-reaching. The stray holiday-making Gaelic Leaguer stopping to argue at cottage doors is sublime, heroic, but pathetically ineffective. Work in the schools scarcely reaches the parents at all. There is one influence, and one influence only—an influence always present, an influence all but omnipotent—which can substantially affect the situation: the Church.

A crusade preached for twelve months from the altars of the Irish-speaking districts would kill the habit of speaking English to children. The killing of that habit would mean the saving of the life of the Irish language. There are some who hold that it would also mean the saving of Ireland to the Church."

—An Claidheamh Soluis (1906)



TATARSTAN

agus Sean Nós Chonamara

TATARSTAN

agus Sean Nós Chonamara


BOB QUINN

Rinne Bill Whelan, a chum Riverdance, ceol an phobail a ghalántú ach cén dochar? Rud ar bith a tharraingíonn uisce ag an muileann agus bíonn uisce sa bhfuisce de dhíth ar ghoile an lucht éisteachta cathrach, ar a raibh Riverdance dírithe.

Thug Riverdance cead a chinn do lucht na veistí bána seasamh suas agus bualadh bos a thabhairt don rud a bhíonn á choinneál faoi cheilt acu: a dtírghrá.

Ach is deacair sean nós Chonamara a dhéanamh feiliúnach don phárlús, do Bhroadway ná don Seomra Boird. Sin é a neart. Tá sean nós Chonamara díoghbháilteach. Sin an chúis gur maith liom é. Tá bunchloch ceol traidisiúnta na hÉireann le aimsiú sa mhaisiúchán agus sna foinn Sin an chúis ar thug mé faoi ghinealach an tsean-nóis a aimsiú i 1979. Cúig bhliana níos deireanaí i 1984 chuir mé an méid a bhí faighte amach agam os comhair domhain dochreidte: Atlantean (3 scannán uair a chloig agus leabhar in éindí leis).

Ní dhearna an epic sin ach nod a thabhairt gur tháinig amhránaíocht ar an sean nós óna manaigh agus go raibh baint aige leis na Beirbigh ó thuaisceart na hAfraice. Ach tug sé deis dom oideachas a chur orm féin i réimsí éagsúla – stair, ceol, reiligiún, ealaíon agus roinnt eile nithe nach bhfuil aon mheas ag an margadh orthu.



Bob Quinn: Tá Atlantean II idir lámha aige

Anois tá mé ag tabhairt faoi arís.

Le déanaí sheinn mé roinnt amhrán do roinnt daoine a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar amhránaíocht ar an sean nós – Máirtín Jamsie, Maití Joe Shéamais, Sarah Ghriallais agus a mac Micheál, Brian Ó Ruairc agus a bhean chéile Paula O Carroll. D'fhiafraigh mé dóibh céard a cheapadar. Ní sean nós a bhí ann ach go mba í an amhránaíocht ba ghiorra dó a chualadar ariamh, a dúirt chuile dhuine acu. Dúirt cuid acu gur thug sé i gcuimhne dóibh amhránaíocht Mháire Áine Nic Dhonncha agus í i mbarr a réime. Dúirt Máirtín Jamsie go raibh sé cosúil le sean nós casta droim ar ais: bhí an ceol ceart ach bhí an teanga aisteach.

D'inis mé dóibh ansin gurb é a bhí ann ná ceol na dTatars – sliocht Genghis Khan a chonaíonn i dTatarstan, poblacht i gCónascadh na Rúise.

Tá mé th'eis a bheith i dTatarstan faoi dhó le bliain anuas ag bailiú samplaí den cheol. Tá mé ag iarraidh a fháil amach cén chúis a chanann siad cosúil le daoine ó Chonamara, cen fáth a ndéanann siad an ceol simplí pentatonic a mhaisiú díreach ar an gcaoí céanna is a dhéanann daoine anseo, 2000 míle siar uathu.

Creid é nó ná creid tá míniú agam a bhaineann leis na Lochlannaigh, an dream a bhunaigh An Rúis, agus a bhí ag trádáil leis na Tatair ar an Volga thart ar an tréimhse céanna is a bhí siad ag loisceadh mainistreach anseo ar an Sionnann. Ar ndóigh tá mo sheanchairde, na hArabaigh, tugtha san áireamh sa tuairimíocht seo.

B'fhéidir gur seafóid ar fad é. Comhtharlúint? Cé aige a bhfuil fios? Ach nuair a sheinn mé Sarah Ghriallais do na Tatair, dúradar: "B'fhéidir gur sa teanga agaibhse atá sí ag canadh ach is linne an ceol sin".

B'fhéidir gur seafóid é ach b'fhiú é má dhúisíonn sé muid le smaoineamh ar an gceist, an é atá sa gcultúr atá againne i ndáiríre, U2, Spice Girls, Oasis agus an chuid eile den mheascán mearaí. Ar aon chaoi tá súil agam go mbeidh an scannán le feiceál ar TnaG roimh an Nollaig agus go mbainfear craiteadh cloiginn as lucht acadúil, uair amháin eile.

Má dheineann sé amhránaithe sean nós Chonamara a dhaingniú ina n-intinn go bhfuil tugtha le oidhreacht acu traidisiún as an ngnáth agus go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leo ó thaobh féinmheas a chothú ar an oileán seo, b'fhiú an tairbhe an trioblóid.

Altantean 2 – Alcuin teideal oibre an scannáin.



mfg teo

meitheal forbartha na gaeltachta teo

AIDHM:

Spreagadh pobail agus chun téimhnuinín a mhúscailt.

Leas phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge a chur chun cinn

Eolas agus Cúnamh ó:

Ivan Mac Philip

Oifig Chonnacht agus na Mí

Meitheal Forbartha na Gaeltachta

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón/Facs: 091-593410

le gach dea ghruí ó

Colm Ó Mainnín
An Garáiste, Ros Muc

SEIRBHÍS IOMLÁN GARÁISTE
091-574113

Ag Ceiliúradh 50 bliain



ARRAMARA TEO.

CILL CHIARÁIN, CONAMARA
Teil: 095-33404/33417 Facs: 095-33494

Seamus McGarvey • Micheál Ó Maoilchiaráin

WEDGE WOOD FRAMING

Na hAille, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe
Fón: 593455

Go n-éirí leis an bPléaráca

BOLUISCE

BIALANN • BIA NA MARA
(091) 553286



Úinéirí:
Monica agus Kevin Mac Gabhann
An Spidéal, Conamara

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

OIFIG AN PHOIST

• CAMUS •

IONAD OIDHREACHTA ÁRANN



Cill Rónáin,
Inis Mór, Oileán Árann
Teil: 099-61355
Faics: 099-61454

Cuir tús le do chuairt ar Árann in Ionad Árann!

Cuirfidh do chuairt ar an ionad nua seo an tírdhreach, an stair, An cultúr agus na traidisiúin a bhaineann le Oileáin Árann in aithne duit. Le cabhair painéil eolais agus scannán chlosamharc, tabharfar léargas chruinn freisin ar nithe ar nós gnéithe geolaíochta na n-oileán, dúnta Árann maraon leis an tírdhreach fisiciúil.

Chun sult níos mó a bhaint as do chuairt, buail isteach chuig Ionad Árann, chun treoir níos fearr a thabhairt duit le linn do thurais mór-thimpeall an oileáin.

Ar taispeáint freisin in Ionad Árann:

MAN OF ARAN (1934) scannán le Robert Flaherty

Seirbhísí atá ar fáil san Ionad:

Caifé PotaStóir, Ceard Siopa, Bureau de Change

Ar oscailt ó mhí Aibreán go dtí mí Dheireadh Fómhair.

Fáilte romhat isteach!



SeaWinds Nurseries

Casla. Co. na Gaillimhe

Sladmhargadh ar siúil go dtí an 21 Meán Fómhair Margaí den Scoth!

*Ar Oscailt gach lá go dtí deireadh
Mí Meán Fómhair*

LIONARD MAC CRAITH Imreoir ildánach na Gaillimhe

SÉAMAS Ó CUALÁIN

Ní thig leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal", a deir-tear. Ach chomh fada is a bhaineann sé le riar de bháireoirí Chumann Lúthchleas Gael is féidir leo teacht taobh na gaoithe ar an seanfhocal sin. Séard tá i

gceist agam na himreoirí ildánacha inniúla atá chomh hábailta aclaí oile ag luascadh an chamáin agus atá siad ag bualadh peile. Agus faoi mar is eol do Fheara Fáil is fada buí óna chéile an dá chluiche seo.

Ó bunaíodh C.L.G. sa bhliain 1884, níl ach cúig bháireoir déag den bhuíon thréithiúil úd ar éirigh leo Craobh na hÉireann a bhuachan i bpeil is in

iománaíocht agus is dearfa go bhfuil ionad iomráiteach buan bainte amach acu in annála na heagraíochta. I measc na bhféinnithe ildánacha a thuill an mhír mhullaigh bhí **Lionard Mac Craith** as Gaillimh.

San Astráil a saolaíodh Lionard ach tháinig a thuismitheoirí as **Ceapach an tSeagail**, tuairim leath bealaigh idir Baile Átha an Rí is Béal Átha na



(Ar chúl; ó chlé) An tAth. Hughes, Lionaird Mac Craith, Frank Benson, Sonny Burke, Mick Brennan, Bartley Murray, Paddy Gantley, John Egan, Gilbey Jennings, Jack Deeley, Larry Raftery, Jack Fry, Tom McGrath, Jackie Brennan. (Sa lár) Mick Bannerton, Mick Donnellan, Tom Leetch, Tom Molloy, Frank Walsh, Willie Smith, Dennis Egan. (Chun tosaigh) Harry Burke, Mick Walsh, Paddy Roche.

Sluaighe. D'fhill siad abhaile ar a gceantar dúchais nuair a bhí Lionard óg agus ba anseo a d'fhorbraigh sé a chumas peile is iománaíochta.

Fear breá teann téagrach a bhí i Lionard — é ag bordáil ar shé through ar airde agus é déanta á réir. Ba mhór aige de shíor an greann agus ba bheag air an doicheall. Ní fhéadfaí aon suarachas a chur ina leith aon tráth, fiú nuair ba thréine an gleo ar pháirc na coimhlinte.

Bhí sé ar fhoireann chaithréim-each na Gaillimhe a ghnóthaigh **Craobh Iománaíochta na hÉireann** i 1923 agus dhá bhliain ina dhiaidh sin i 1925 bhuaigh sé **Craobh na Peile**. Is fiú a mheabhrrú go ndearna sé an-imirt mar lántosaí ar dheis sa Chluiche Ceannais Iománaíochta an lá éachtach úd — **14 Meán Fómhair, 1924** — in éadan scoth fear **Luimnigh** agus gur aimsigh sé ceithre chúl thráthúla — dhá cheann i ngach leath. Nuair a séideadh an fheadóg scoir bhí **Gaillimh** chun cinn le farasbarr de sheacht gcúilín, **7-3 i gcoinne 4-5**, agus bhí turas cathbhuaich thar Sionainn siar i ndán dóibh.

Maidir leis an mbliain **1925** bhí cúrsaí peile trína chéile. Thaistil an **Cabhán**, gaiscígh Uladh, go **Trá Lí** áit ar chlis siad le cúilín amháin (**1-7 v. 2-3**) in aghaidh **Chiarraí**, curaidh na Mumhan,

i gcluiche leathcheannais na hÉireann. Ach de bharr agóide agus frithagóide i dtaobh imreoirí aindleathacha caith-eadh an dá fhoireann amach as craobhchomórtas na bliana sin.

I ngeall ar a raibh de chluichí ath-imeartha i gCúige an Iarthair — sé cinn idir **Sligeach** agus **Ros Comáin** agus trí cinn idir **Gaillimh** agus **Liatroim** — cuireadh moill mhór ar an gcrabhb-chomórtas ansin agus b'éigean do Chomhairle Chonnacht foireann a roghnú le dul i gcoinne **Loch Garman** i gcluiche Leathcheannais na hÉireann ar **23 Lúnasa 1925**. Ó tharla gur bhuaigh **Maigh Eo** craobh an chúige i **1924** ainmníodh iad le seasamh do chlú an Iarthair. Chruthaigh siad go maith agus tar éis dianchoimheascair fuair siad an lámh in uachtar ar na Carmanaigh le cúl (**2-4 v. 1-4**).

Ach bhí orthu anois bualadh le **Gaillimh** agus cinneadh ar **Thuaim Dhá Ghualainn** mar láthair an chomhraic agus **Stiofán Mac Stiúrtáin** i mbun na feadóige. [De bhrí go raibh siopa bróg ag an Siúrtánach i gCathair na Gaillimhe bhí aithne mhór ag muintir Chonamara air mar ba uaidh a cheann-aídis bróga láidre leathair leis an earrach a chur. Bróga 'Jurdan' a thugtaí orthu nó fiú 'Jurdan' féin! Ba mhinic nuair a chuirte fhearg ar fhear sa taobh seo tíre an tráth sin go ndeireadh sé: "Tabharfaidh mise an *Jurdan* duit mura

stopfaidh tú"]

Bhí go leor ag brath ar thoradh an chluiche seo idir **Gaillimh** is **Maigh Eo** mar ní hé amháin go raibh **Craobh Chonnacht** ag dul don lucht buaite ach bhí **Craobh na hÉireann** chomh maith. Ba é críoch an scéil gur chuir na Gaillimhigh an cath ar a gcomharsana (**1-5 v. 1-3**) agus gur rug leo an dá chraobh an lá stairiúil sin, **18 Deireadh Fómhair 1925**.

Mar sin bhí sé le maíomh ag **Lionard Mac Craith** gurbh é an t-aon imreoir é a bhuaigh an chéad Chraobh Peile agus an chéad Chraobh Iománaíochta do **Ghaillimh**. Gaisce ann féin ba ea é sin.

Ba mhaith a thuill Gaillimh an bua i **1925** óir nuair a chuir Ard-Chomhairle Ch. L.G. comórtas ar leith ar bun ina dhiaidh sin do bhuaiteoirí chraobhacha na gcúigí nocht an fhírinne í féin.

Sheas na Gaillimhigh an fód gan staonadh agus chruthaigh siad don saol Fódalach lena mbua go raibh mianach na ngaiscíoch iontu. Sa chluiche leathcheannais in éadan **Loch Garman** bhí an lá le fir an Iarthair (**3-4 v. 1-1**) agus sa bhabhta ceannais in aghaidh an **Chabháin** bhuaigh siad arís (**3-2 v. 1-2**). [Bhí an-choimhlint sa chluiche seo idir 'Knacker' Breathnach as Gaillimh agus Séamas Mac Gabhann ón gCabán.] Ní miste a lua gur dhiúltaigh **Ciarraí** páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

Sa seascaidí dífhuaidh an bás uainn **Lionard Mac Craith** i nGránard i gCo. an Longfoirt mar a raibh sé ag múineadh scoile. Ach tig linn a bheith cinnte dhe go bhfuil sé ar Neamh i gcuideachta na seanlaochra geanúla eile a tharraing gnaoi na ndaoine orthu féin, ar a gcontaetha is ar Chumann Lúthchleas Gael.

Bhí aithne mhaith agam féin ar **Lionard Mac Craith** óir bhí sé ina chathaoirleach ar Chraobh an Longfoirt de Chumann Múinteoirí Éireann nuair a chuaigh mé mar mhúinteoir óg go dtí an taobh sin tíre i dtosach agus fear ní ba dheise ní bhfaighfeá sa tír. Ach goilleann sé orm fós nach raibh 'fhios agam go ndeachaigh sé i gcré na cille gurbh é seo an scoth imreora a rinne éachtaí ar chlár na himeartha do mo chondae dúchais.

"Cavan's Objection"

Ní bheadh aon chur síos ar chúrsaí peile na bliana 1925 cruinn baileach gan tagairt do eachtraí a bhain le cluiche Leathcheannais na hÉireann idir an Cabhán agus Chiarraí i dTrá Lí ar an Domhnach, 23 Lúnasa.

Chuir na hUltaigh — idir imreoirí agus lucht leanúna — an t-aistear fada anróiteach siar ó dheas díobh ón gCabán ar thraein 6.30 ar maidin Dé hAoine. Nuair a bhain siad ceann scríbe amach fearadh na múrtha fáilte rompu agus thionlaic buíon cheoil an slua mór chun an óstáin, áit ar mhol cathaoirleach Bhord Peile Chiarraí muintir an Tuaiscirt go hard.

Ba léir do na hUltaigh nárbh aon dóithín foireann chumasach an Deiscirt a sháru ar a bhfód dúchais féin. Ach ina ainneoin sin níor loic siad. Chuaigh siad i mbun gnímh le brí agus le fuinneamh agus bhí an t-ádh dearg ar Chiarraí sa deireadh gur thug siad na haenna slán leo le cúilín amháin (**1-7 v. 2-3**).

Ag feidhmiú mar mhaor cúilín an lá úd bhí iDiciní Mac Gearailt, peileadóir den scoth a thionscain stíl nua imeartha a chuaigh chun tairbhe go mór do na Ciarraigh. Ní róshásta a bhí muintir an Chabháin le iDiciní óir chuir siad ina leith gur cheadaigh sé cúilín do na Muimhnigh bíodh go ndeachaigh an t-urchar ar fóraoil.

Tar éis an chluiche bhí loinne áthais ar na Ciarraigh mar bhí siad dóchasach go mbuafaidís Craobh Peile eile agus maidir leis an hUltaigh ba mhór an tógáil croí dhóibh an taispeántas anamúil stuama a thug siad in aghaidh churaídh na hÉireann. Mar sin féin nuair a dífhill siad abhaile ní shásódh tada Bord an Chontae ach agóid a dhéanamh i gcoinne Chiarraí mar dar leo go raibh imreoir aindleathach acu ar an bhfoireann. Ach níorbh leis an Ciarraigh ab fhaillí é. Fuair siadsan amach gurbh é an dála céanna ag na hUltaigh é, óir dímir siad fear aindleathach chomh maith agus chuir siadsan frithagóid isteach. Ba í críoch an scéil gur caitheadh amach an dá thaobh as Craobhchomórtas na bliana sin.

Bhí muintir an Chabháin ina gceap magaidh i gceart de bharr na tuaplise seo agus ó thaobh na gCiarraíoch de bhí siad ag dul le báiní agus ar feadh blianta ina dhiaidh bhí nimh sa bhfeoil acu do na hUltaigh i ngeall ar an mbeart seo.

Ina chónaí ar Sráid na Carraige i dTrá Lí ag an am bhí Ciarraíoch fiordhílís ar chuir agóid an Chabháin arraing trína chroí. Fear ab ea é siúd a bhí an-tugtha do rásaí brocairí [terriers] — spórt a raibh an-tóir air i gCiarraí an tráth úd — agus céard a bhaist sé ar bhrocaire scafánta dá chuid ach "Cavan's Objection". Gach am a mbuadh an sármhadra seo, agus ba minic a rinne sé amhlaidh, thugadh a ainm chun cuimhne don slua an éagóir a rinne an Cabhán. Maireann iarsma an drochbhirt, a deirtear.

Séamas Ó Cualáin



Áras Mháirtín Uí Chadhain

Ionad Gaeilge Cholaíste na hOllscoile Gaillimh

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-95101

Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta
ó Bhearna go Carna

Cúnamh i labhairt na Gaeilge do dhaoine fásta
(Galltacht agus Gaeltacht)

Pacáiste féin teagaisc i bhfoghlaim na Gaeilge

Ranganna Riomhaireachta trí Ghaeilge

Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs

TURASÓIREACHT CHONAMARA AGUS ÁRAINN

Oifig Eolais

ROS AN MHÍL
CO. NA GAILLIMHE

Fón/Faics: 091-572582

Gach rath ar an bhFéile



Lionard Mac Craith agus Corn Mhic Chárthaigh i 1923 — an chéad uair a tháinig an corn thar Sionainn go Gaillimh

Curacháí ar an Spideál

Tommy Standún

Sna seachtóidí bhíodh cáil ar an Spideál faoi Féile na gCuracháí ar an gcaoi céanna is atá cáil ar Chinn Mhara de bharr Cruinniú na mBád. Ach an oiread le roinnt eile féilte farraige, níor reachtáilleadh Féile na gCuracháí i mbliana sa Spideál. Ach fós féin tá borradh nua faoin spórt sláintiúil seo i gCois Fharraige. Le fada an lá ní raibh aon fhoireann iomartha ón Spideál ag tógáil páirt sna féilte curacháí. Is cosúil go mbeidh athrú ar an scéal sin. An samhradh seo, thosaigh grúpa díograis-each ag iomradh agus tá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh foireann fear agus foireann ban ag tógáil páirt sna rástaí curacháí an chéad bhliain eile. Tá baint mhór ag Tommy Standún leis an aithbheochan seo sna curacháí. agus cuireann sé síos anseo air.

Is iomaí iomróir agus bádóir stuama ó chian is ó chongar a thug aghaidh ar Fhéile Churacháí an Spidéil le beagnach cúig bhliain fichead anuas. Ba údar ríméid i measc pobal na háite é gur mhúnlaigh siad le chéile féile den scoth a raibh trácht air ar fud na gceithre

chearn. Bhí saibhreas do gach sórt ceoil is scléipe, airíocht is ealaíon, curadóir-eacht is fíodóireacht. D'fheadfaí a bheith cinnte go mbíodh an chraic ar fheabhas i mBaile an Droicid ar an dara deire seachtaine de Mheitheamh.

Chuir an phoiblíocht nasiúnta teilifíse Féile Curacháí an Spidéil san aicme céanna le mórfhéile na tíre i rith na seachtódaí agus na hochtódaí. Chuidigh an fhéile le athbheochan na ngeallta bád seol atá le feiceál go flúirseach i láthair na huaire. Bhí coimhlint láidir le mothú go mór mhór idir bailte fearainn an cheantair, i gcomórtais éagsúla — an garraí is slachtmhaire, caitheamh na gcrúití, paráid na bhflótanna, baint mhóna, rás bóthair, iascaireacht, ealaín agus ceardaíocht. Ba cúis mórtais i gcroí gach duine páirt a thógáil i bpríomh taispeántas cultúrtha na Gaeltachta.

Nearthaigh an fhéile thar tréimhse scór bliain de bharr fuinneamh Choiste na gCuracháí. agus de bharr na smaointe úra a cuireadh faoi bhráid. Ach taréis obair dhíograsach thar na blianta tháinig drochrath ar an bhféile, a bhí mar ábhar mórtais ag muintir An

Spidéil. Faraor géar ní raibh féile ar an mbaile le bliain anuas de thoradh easpa suime i measc muintir an cheantair go ginearálta.


Ach taréis blianta fada ag teacht i ngleic le mór chuid deacreachtaí tá an coiste taréis athbheochan a mhúscailt i rás curach arís. Le bliain anuas deineadh athchóireamh ar na deich gcurach atá faoi chúram an choiste. Ó mí Bealtaine seo caite tá seans ag daoine óga agus aosta iomradh curach a thríáil faoi chúram agus stiúr iomróirí an cheantair. Cé nar cuireadh béim ar rásaíocht baistíodh Na hUrchair Liath ar ghrúpa faoi leith a bhí ag iomradh don chéad uair agus an leathchéad bliain bainte amach acu uilig. Ag deireadh an tsamhraidh bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh na fóirne mná ag fáil an láimh in uachtar ar na sean-bhádóirí. Tá'r ag súil go leanfar leis an iomradh i rith an gheimhreadh ar Loch Coirib gar do chathair na Gaillimhe.

Más suim le aon duine nó grúpa iomradh curaigh canbháis a thríáil is féidir níos mó eolais a fháil ach glaoch ar 586826.



Féile na gCuracháí ar an Spideál, 1996

pic Donncha Ó hÉallaithe



Dánta le Seosamh Ó Guairim

DA MAIRFINNSE GO DEO DEO DEO BEO

Dá Mairfinnse go deo deo deo beo
Bheadh chuile shórt daite agam buí,
Bheadh tithe daite agam buí,
Bheadh tulach 'gus cnoc daite agam buí,
Bheadh Páid 'gus Cóil freisin
'Gus iad daite agam buí,
Bheadh chuile shórt sort daite agam buí
Mar ba chóir, 'gus canúintí ...
Dá mairfinnse go deo deo deo beo
Nach mbeithinn ó chomh chomh chomh
I dtaobh rudaí ...,
Dá mairfinnse go deo deo deo beo
Nach mbeithinn orthu uile mar rí!
Dá mairfinnse go deo deo deo beo
Nach gcuirfinn olc ar lucht na amhrán
scaití,
Nuair a déarfainnse leo gur as na
leabhair
A fuair siad a gcuid amhrán
'Gus ní óna daidí.....!
Bheadh olcar a gcroí,
Ach ní ligfinn dóibh ach s'aoth;
Déarfainn anois a now now leo,
Déarfainn anois a now now leo,
Déarfainn anois a now now leo,
Amanntaí,
Dá mairfinnse go deo deo deo beo

Nach mbeithinn orthu uile mar rí!
Déarfadh an Francach liom la,
An Gearmánach liom ja,
An Poncánach liom Hi,
Gus bye the bye
An Sasanach liom Hallo, B'fhéidir?
Ó Hallo yourselves. ...,
Nach,
N-inseóinnse
Dóibh áit na gcloch, an teach a chuaigh
suas 'na phúirín puth,
An áit a fuair Máire bocht a seantinneas
cinn,
'Gus na' raibh an fear eile údan, aon lá
ann tinn:
Ansin déarfainn leo seo chugaibh mór
'Gus bígí ag rith,
'Gus ná bígí ag rith
Uaimchomh tréan sin;
Drochrath air agus fanaigí,
Seo tógadh duine agaibh suas mé
A thiarna, as na lathacháí ...,
Dá mairfinnse go deo deo deo beo
Nach mbeithinn orthu uile mar rí!
Dá mairfinnse go deo deo deo beo
Nach mbeadh babhtar nó dhó agam
Le cur faoi mo cheann; ag iarraidh
tuairim
Is céad míle scéal, a bheith istigh agam

In aon scéal amháin...
Dá mairfinnse go deo deo deo beo
Nach ndéarfainn gur cuireadh nimh
Ar mo chuid aráin,
Dá mairfinnse go deo deo deo beo
Nach ndéarfainn gurbh in é a raibh ann!

AN MAC BÁN

Ná bí ag guairdeall anonn 'gus anall,
Ach tosaigh go beo ar obair;
Bíodh an chearc agat 'gus a hál
'Gus an bhó go beo istigh.
Mar níl réasún le cur ann
Faoi startha duine amháin sa bpobal:
Bíodh do mhaide éamainn thuas,
'Gus do ghadhar agat amuigh.

Fág an cáca go dtí ar ball,
Ná las go brách an solas,
Ná cas air an teilifís,
Bíodh bainne ag an gcat,
Bíodh na rudaí déanta in am,
Nó réabadh sé siúd do dhoras;
Mar gur ghearr go mbeidh
An mac bán ag teacht anuas ón mbus.

Ná labhair leis smid ar bith
Ach scaoil ar aghaidh an brogús,
A bhíonn ag bagairt ar na paistí
Go ndóirtfidh sé fhéin fós fuil.
Bhí sé ag grágaíl arú aréir,
'Gus cadás aige thiar ina chogús;
Ag fuagairt breith 'gus bás
Ar Bhrian bocht ó Dill.

Bíonn caipín deas árd air,
Seaicéad glas 'gus cochall,
'Gus an péire breá sneakers
Is fearr is atá amuigh,
Athraíonn mná bochta dath
Nuair a théann sé 'na bhfochair:
'Gus iad á rá faoi i gcogar
'Gurb é is gráine amuigh.

Chluinfeá daoine a' rá
Gur fear é atá gan dochar,
Ach níl ann ach ceann
Ar nós chuile Snagglepus.
So, bíodh do ghadhar amuigh,
'Gus fíor-ghlas a't ar do dhoras,
Nuair aireóidh tú an ghráig
Beidh sé siúd abhus den bhus.

Tá éanlaith bheo an aeir
Ag baileadh leo sa sodar,
Tá'n gabhar fiáin féin
Ag bualadh suas sna cnoic,
Tá an lacha 'gus an ghé
Ag toraíocht malairt fodair,
Níl amhrac le dhá lá
Ar Bhrian bocht ó Dill.

Mar gur measa an mac bán
Ná deichniúr droch-fhear bolg,
Tá an eala lách séimh tláth
Ag fáil dídin' istigh faoi chloch,
Tá an Mháire Fhada ar an bhfón
Ag rá lena nuachar,
Go bhfuil an fear bán
Ag caitheamh clocha leif sa loch.

An Fhiontarlann Teo.

Ionad Físe 7 Fuaime

Cuilleán,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.



Eagarthóireacht AVID (AVR75) •
Scannánaíocht BetaSP (300AP) •
Stiúideo Fuaime (Soundscape, DAT 7rl) •

091 595050

Tigh Mhóráin

Carna

**Siopa Grósaera
agus Beár**

095-32244/32763

TIGH RORY

LETIR MÓIR • 8.30am – 8pm

**SIOPA
GÁS, GUAL BLUGAS
BEATHA BEITHÍOCH srl**

Go n-éirí go geal le leis an bPléaráca

Tigh Phlunkett

Leitir Móir – Teil: 551157

**Siopa • Bureau de Change
Beár • Posta • Peitreal**

'Má bhíonn tú thart, ná téigh tharais'

Tigh Mhaic

Carna — Teil: 095-32240

*Teach Tabhairne agus brú suite
ar bhruach na farraige
faoi bhun an tsléibhe*

TRÁNNA ÁILLE AGUS CIÚNAS

Gaeltacht Chonamara, Fóram Chonamara: céard iad féin?



Diarmuid Johnson

Níl an t-aontas céanna 's a bhíodh i nGaeltacht Chonamara. Forás na Gaillimhe údar amháin atá leis seo. Is cuid de bhruachbhailte na Gaillimhe go leor de cheantar Chois Farraige anois. Fágann seo difríocht mhór idir é agus Iorras Aithneach agus Ceantar na nOileán. Is ceantair éagsúla atá iontu faoin am seo. Ach tá difríocht eile ann feasta, agus sin difríocht aicme. Tá go leor airgid sa nGaeltacht anois, agus is ag an meánaicme atá sé.

Murach an mheánaicme, ní bheadh seans na ngrást stop a chur le meath na Gaeltachta. Tá oideachas orthu. Cleachtann siad léamh agus scríobh. Bíonn tuarastal acu, agus seasmhacht áirithe. Cothaíonn siad na meáin chumarsáide, saibhríonn agus neartaíonn siad a gcuid smaointe tríd an díospóireacht. Níl siad i muinín na talúna 's na trá mar a bhíodh a muintir, agus is sna hoifigí agus sna scoileannaí a chaith-eann siad an lá.

Tá meánaicme eile i gConamara. Is í seilbh na talúna a thugann an stádas dóibhsean. Is leo talamh na Gaeltachta. Níorbh fhiú mórán an talamh sin fadó, ach níl teora le blianta beaga lena luach.

Tá cead ag duine a chuid talúna a dhíol lena rogha custaiméir. Ní talamh mhaith feilmearachta í talamh Chonamara, is dá bharr sin ní maith an

caipitéal í. Ní fiú mórán í gan í a dhíol.

Má dhíolann muintir na Gaeltachta a gcuid talúna le lucht an Bhéarla, titfidh an pobal ó chéile, beidh na comharsanaí ina stráinséaraí, agus na stráinséaraí ina gcomharsanaí. Beidh clann na stráinséaraí ag Béarlóireacht ar chlós na scoile, agus ní hí an Ghaeilge a bheas i gConamara níos mó.

Níl sé ach trí ghlúin ó thug Johnny Seoighe bata 's bóthar don duine bocht nár íoc an cíós:

"Lá arna mháireach is ea a fuair mé an páipéar,

Nach mé a bhí sásta 's mé ag gabháil chun siúil,

Ach ní bhfuair mise freagra ar bith an lá sin,

Ach mo bhean 's mo pháistí a bheith amuigh faoin drúcht."

An é an beart céanna atá meánaicme Chonamara á dhéanamh inniu? Céard is Gaeltacht Chonamara ann, nó an é an mianach céanna atá i lucht an airgid cuma cé hiad féin, cuma cén teanga a labhraíonn siad?

Áit a mbíonn an iomarca cumhachta ag an meánaicme, bíonn dímhéas ar na daoine eile. Daoine nach bhfuil teach acu. Daoine a bhraitheann ar an stát. Daoine nach bhfuil maoin an tsaoil acu. Ach is é cultúr an ghnáthdhuine an t-aon chultúr amháin atá i gConamara. "Máistir báid móir mé 's damhsóir cumasach, fear sluaiste 's láí ar dhá

cheann na hiomaire", mar adeir an t-amhrán Sadbh Ní Bhruinnealla. An Gobán Saor, an spailpín, b'shin iad laochra na Gaeltachta riamh anall. Tá meánaicme i gConamara, ach níl a gcultúr féin acu. Agus is é seanchultúr an talmhaí agus an iascaire — talamh trá agus sliabh — is brí do Ghaeltacht Chonamara.

II

Tháinig Fóram Chonamara ar an saol tar éis Nollag seo caite. Díospóireacht a spreagadh faoin bhforbairt atá i ndán don Ghaeltacht sna blianta beaga atá romhainn, sin é a chuir an Fóram roimhe. Seo thíos na haidhmeanna a múnlaíodh ag cruinnithe an Fhórait:

1. Tithe sa nGaeltacht do mhuintir na Gaeltachta.
2. Córas neamhspleách rialtais áitiúil don Ghaeltacht.
3. Forbairt 's fostaíocht ar fud Chonamara go cothrom.
4. Acht Teangan a dhéanfaidh freastal faoi leith ar riachtanaisí sainiúla na Gaeltachta.
5. Cur chuige ó thaobh an oideachais a fhéachfas leis go mbeidh Gaeilge ag gach páiste ag dul chun na scoile dó.

Maidir le haidhm a haon:

Tá géarchéim tithíochta i gConamara agus tá gníomh ag teastáil mar seo a leanas:

a) Comharchumainn tithíochta a

- bhunú.
- b) Tá tithe i gConamara nach mbíonn cónaí iontu. B'fhiú liosta díobh seo a chur le chéile feiceáil cé leis iad, ar spéis leis na húinéaraí iad a ligean, cén bhail atá orthu mar thithe.
- c) Daoine a chuirtear amach sa samhradh, éiríonn le cuid díobh socrú fadtéarmach a dhéanamh luath nó mall. Má cuirtear an ghéarchéim ar a súile do na húinéaraí tithe agus má déantar achainí orthu, is cinnte go mbeidh báidh ag cuid díobh leis an óige. Is socrú cóir, sásúil go n-íocfadh an tionónta idir deich agus fiche faoin gcéad le cois ar theach ach é a bheith aige go fadtéarmach.

Maidir le haidhm a dó:

Teastaíonn breis cumhachta go háitiúil le cúrsaí na Gaeltachta a riaradh. Fad agus atá an Ghaeltacht á riaradh mar a riantar ceantar Galltachta ar bith, déanfar faillí ar a cuid tréithe sainiúla, agus rachaidh sí i gcosúlacht leis an nGalltach.

Maidir le haidhm a trí:

Ní hionann dílárnú agus athlárnú. Athlárnú atá ag tarlú i gceantar Chois Fharraige, agus tá na ceantair thiar ar an ngannchuid. Caithfidh infheistíocht agus forbairt leas an phobail a dhéanamh seachas meath an phobail sin a bhrostu.

Maidir le haidhm a ceathair:

Tharlódh go rithfear Acht Teangan fad 's a bheas an rialtas atá faoi láthair againn i réim. Ach is baolach gur dochar a dhéanfaidh a leithéid don Ghaeltacht muna ndéanfar soláthar faoi leith di san Acht céanna. Caithfear féachaint leis nach gá do mhuintir na Gaeltachta cuid ar bith dá ngnó a dhéanamh trí Bhéarla, más leis an earnáil phríobháideach nó phoiblí é, munar mian leo féin é.

Maidir le haidhm a cúig:

Tá rabharta Béarla ar chlósannaí scoile na Gaeltachta. Páistí atá á dtógáil le Béarla, ba cheart dóibh freastal ar rangannaí speisialta ionas go mbeidh

Gaeilge acu nuair a rachaidh siad ar scoil. Ní leor meon na gcúpla focal sa gcás seo, ach diantheagasc ar feadh roinnt míonna. Teastaíonn múinteoirí feabhais, nó timirí mar a tugtaí orthu, leis an obair seo a chur i gcrích go díograiseach.

Ní mór a chinntiú nach ndúnfar ceann ar bith de na naíonraí Gaelacha atá ann faoi láthair. Ó thaobh an pháiste Ghaeltachta de, tá tábhacht faoi leith leis an naíonra, mar bíonn tuiscint an pháiste ar chultúr na háite de réir a bhfeiceann agus a gcloiseann sé sa naíonra.

Ní mór na haidhmeanna thuas a chur i gcrích ionas nach rachaidh an teanga agus an pobal san ísle bhrí lenár linn féin. Is plean oibre atá sna moltaí. Ach is snámh in aghaidh easa a bheith á mbrú chun cinn gan tacaíocht an phobail. Tá pobal na Gaeltachta beag, agus ní thiocfaidh sé slán ón scoilt. Caithfidh gach aicme obair as lámha a chéile. Ar thalamh na Gaeltachta.

Sraith na mBád Seol

Bhuail An St Jude — an bád a raibh John Beag Ó Flaithearta agus John William Seoige ar an halmadóir inti an séasúr seo — ar bhád Mháirtín Ó Brien **An Tónaí**, i Sraith na mBád Móra le 6 pointe. Beidh corn álainn Chlíodhna Cussen ag dul siar go dtí na hOileáin don chéad uair.

Beidh corn álainn Chlíodhna Cussen ag dul do Mhicheál Ó Ceallaigh ó Thír an Fhia don chéad uair.

Don tríú bhliain as a chéile bhí an bua ag an **Swan**, bád Mhichaelín Johnny ón gCeathrú Rua, i sraith na leath-bhád Thug an bád nua, atá tógtha ag Colm Ó Maoilchiaráin do Chumann na Húicéaraí rása maith dóibh. Ní raibh ach fad bowspit eatarthu ag deire na bliana. Sé **Bhláth na hÓige**, le Pádraig Chóilín Ó Cualáin ó Charna a bhí sa tríú áit.

Tá an-choimhlint go deo i sraith na ngleiteogaí beaga. **Pat Mhichael Ó Cualáin** (Erin's Hope), ón gCeathrú Rua atá chun tosaigh le 3 phoinnte ar **Chóilín Ó hIarnáin** (Nóra Beag) agus ar **John Deairbe Ó Flaithearta** (Caroline Ann), atá sa tarna áit ar 39

Sé **Geall an Phléaráca** ar an Satharn seo chugainn a shocróidh an cheist. Beidh pointí le fáil ag na Gleoiteogaí Beaga i gCuan Casla Dé Satharn ach shocraigh Cumann na Húicéaraí nach mbeadh pointí ag dul dona Báid Mhóra ná na Leathbháid mar nach raibh aon gheall i gCuan Chasla socraithe dóibh ag tús na bliana. Caithfidh **Pat Mhichael** tíocht sa chéad dhá áit ar an Satharn lena áit ag tosach na sraithe a choinneáil. Ar ndóigh beidh ar Cumann na Húicéaraí na pointí seo a dheimhniú fós.

BÁID MHÓRA

	St. Jude	An Tónaí	American Mór	An Mhaighdean Mhara	An Capall
Cill Éinne	0	10	-	8	0
Patrún Inis Mhóir	10	8	-	7	0
Féile Mhic Dara	10	7	-	8	5
Cloch na Rón	5	8	-	10	7
Leitir Mealláin	10	8	-	5	7
Dóilín	10	8	5	3	5
Cinn Mhara	-	10	-	-	8
Féile na nOileán	10	-	7	8	-
Caladh Thaidhg	10	5	8	7	5
Iomlán (7 is fearr)	65	59	20	53	37

LEATH BHÁID

	Star of the West	Swan	Bláth na hÓige	An Lord	Colmcille
Féile Mhic Dara	0	8	7	5	10
Cloch na Rón	5	10	5	8	7
Leitir Mealláin	5	10	8	5	7
Dóilín	5	8	7	5	10
Cinn Mhara	8	-	-	7	10
Féile na nOileán	-	8	10	-	-
Caladh Thaidhg	-	10	8	-	7
Iomlán (5 is fearr)	23	46	40	30	44
Cill Chiaráin	AL (45)	AL (33)	8(52)	al(40)	al(14)

GLEOITEOGA BEAGA

	Caroline Ann	Ceol na Mara	Erin's Hope	Nóra Bheag	McHugh	Cora na Cleite	Aurnaí
Féile Mhic Dara	8	7	-	0	10	5	-
Cloch na Rón	5	8	10	7	5	5	5
Leitir Mealláin	8	5	7	10	0	5	0
Dóilín	8	5	10	5	7	5	-
Cinn Mhara	-	-	-	10	-	-	8
Féile na nOileán	7	5	8	-	8	5	-
Caladh Thaidhg	8	10	5	7	5	5	-
Iomlán (5 cinn fearr)	39	35	42	39	35	25	13

Nóta: Tá geall eile ann sar a gcríochnófar an tsraith, i gCuan Casla ar an Satharn 20 Meán Fómhair le linn Pléaráca.

Jackie Ó Cualáin

Carna, Co. na Gaillimhe Fón: 095-32331 Faics: 095-32532

— A Member of the National Housing BuildingScheme Guarantee —

CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Seirbhís Tógála ar fud Chonamara

Níl aon jab ró-bheag nó ró-mhór dúinn

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca!

FUAIR BEAN ÓG DATHÚIL ÓN gCeathrú Rua, Maria Ní Dhomhnaill, breis is dhá céad vóta sa toghchán an Meitheamh seo caite. Chuir sí spraoi agus fuinneamh isteach sa bhfeachtas toghchánaíochta i nGaillimh Thiar, agus tharraing sí aird ar pholasaithe Páirtí an Dlí Nádúrtha le linn a feactais i gConamara agus i gCathair na Gaillimhe.

Ní dhearna sí canbhasáil ar bith. Ní raibh cúnaimh ó mhaisín polaitíochta aici agus taobh is moite dena hagallaimh a rinne sí ar Raidió na Gaeltachta, le Foinse, agus leis na páipéir áitiúla, ní bhfuair sí mórán poiblíochta.

Sé an eitilt yógic, is dócha, an polasaí is mó aitheantais atá ag Páirtí an Dlí Nádúrtha.

"Chomh luath is a mhíníonn tú do dhaoine go bhfuil i bhfad níos mó i gceist ná eitilt yógic, bíonn siad an-tuisceanach ar fad", a dúirt sí liom. "Tá rud le rá againn faoi go leor polasaithe agus tá fealsúnacht againn atá muid ag iarraidh a chur le gach polasaí atá ag na páirtí polaitiúla eile. B'fhéidir go bhfuil sé mí-réaldúil ach táimid ag iarraidh an córas a athrú agus ár smaointe a chur isteach freisin."

"Tá súil againn go mbéimid in ann daoine a chur ag smaoineamh — ionas go stopfaidh siad ar feadh cúpla noiméad, agus go ndéarfadh siad leo féin go bhfuil bealaí eile ann chun daoine a thabhairt ar ais don nádúr — ar bhealach cosúil leis an bhfealsúnacht a bhí ag na Native Americans."

Molann Páirtí Mharia gur chóir Ionad Sláinte Oideachais a lonnú i ngach Dáilcheantar — ionaid ina mbeadh cúrsaí i Transcendental Meditation an Mhaharishi ar fáil — agus molann siad freisin gur chóir rogha a thabhairt do dhaoine idir an gnáth-bhealach agus an bealach nádúrtha chun sláinte a chothú laistigh den Seirbhís Sláinte. Creideann Maria go mbeidh tionchar a Páirtí ar an gcóras polaitiúil ag méadú as seo amach. Creideann sí go mbeadh an rialtas in ann go leor airgid a shábháil agus faoiseamh cánach suntasach a thabhairt isteach, dá gcuirfí fealsúnacht an pháirtí i bhfeidhm mar go mbeadh laghdú i



Maria Ní Dhomhnaill agus an Eitilt Yógic

bhfadhbanna cosúil le dífhostaíocht, coireanna agus mí-chothromaíocht sa chóras oideachas.

Cathain a thosnaigh Maria féin ag cur spéise i bpolasaithe an pháirtí agus i ndearcadh an guru, Maharishi Mahesh Yogi? "Tá mé ag déanamh TM le cúpla bliain, agus chuala mé faoin bpáirtí dá bharr," a deir an bean óg a bhfuil ceadúnas eitilt faighte aici. (Eitilt Yógic nó Eitilt air? Eag.) "Chuaigh mé go dtí ceann de na cruinnithe agus bhí siad ag cuartú duine chun seasamh san olltoghchán. Ní raibh mé ag iarraidh seasamh ar dtús ach rith sé liom agus chuaigh mé ar ais chucu agus dúirt mé go sheasfainn."

An gciallaíonn sé seo gur duine polaitiúil í Maria? "Ní duine polaitiúil mé ach táim ag iarraidh níos mó cumhachta a thabhairt do na daoine iad féin."

Tug Maria manifesto a pairtí dom a deireann go bhfuil fianaise ann go laghdaíonn TM an leibhéal coireanna agus fadhbanna sláinte in áiteanna ina mbaintear feidhm as. Ach tá go leor den manifesto an-ghinearálta, lán le caint faoi na haidhmeanna atá an páirtí ag iarraidh bhaint amach, gan mórán trácht ar na céimeanna agus na bealaí is fearr chun na buanna seo a chur i gcrích.

Céard é dearcadh Mharia i leith na Gaeltachta?

"Ceapaim gur ceann de na deacrachtaí is mó atá againn sa

Ghaeltacht, ná an easpa bróid atá ann i leith na teanga. Tá sé fíor-thábhachtach aon chultúr a choinneáil, cultúr na Gaeltachta nó cultúr an lucht siúil."

Maidir le féinrialtas dona ceantracha Gaeltachta deireann sí nach bhfuil sí i bhfábhair na Gaeltachtaí a bheith curtha isteach i mbosca faoi leith. agus iad a bhriseadh amach leo féin. Ceapann sí go laghdófaí deacrachtaí na nGaeltachtaí, dá mbeadh níos mó béime ar an bhfealsúnacht atá ag an Pháirtí Nádúrtha Dlí.

Is as an gCaorán Beag sa Cheathrú Rua do Mharia agus d'fhreastal sí ar Scoil Chuimsitheach Chiaráin sula rinne sí céim Social Science i gColáiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath. Tá sí ag obair anois ina háit dúchais féin mar chomhordnóir traenála le Oiliúnt Baile faoi scáth Lifestart Foundation — eagraíocht Éireannach, a oibríonn le páistí idir aon agus cúig bhliana d'aois, sa bhaile. "Ar bhealach, táimid ag tabhairt ar ais an chuartaíocht baile, rud a bhí imithe le tamall anois," a deir Maria.

An gcreideann sí i bhfeimíneachas? "Ar bhealach creidim ach níor cheart go



mbeadh daoine ag séanadh go bhfuil difríochtaí ann idir fir agus mná. Táimid in ann meas a bheith againn ar a chéile gan bheith cosúil lena chéile."

"Táim an-sásta le mo shaol pearsanta féin, agus an áit ina bhfuil mé. Ach ba mhaith liom níos mó taistil a dhéanamh amach anseo."

Ní bheidh sí ró-fhada ag baint an sprioc seo amach, mar beidh Maria ag glacadh páirte an mhí seo chugainn ar shiúlóid cabhrach dhá lá dhéag i mBrazil, ag tosnú i Rio de Janeiro." Tá an turas seo eagraithe ag Trócaire chun

airgead a bháiliú do na tógraí atá acu thall ar son na bpáistí sráide. Béimid ag tabhairt cuairt ar chuid de na tógraí ag Trócaire thall i mBrazil agus táim ag súil go mór leis," a deir Maria.

Tá sé deacair a shamhlú, áfach, go ndéanfaidh polasaithe Páirtí an Dlí Nádúrtha mórán maitheasa do na páistí sin agus na daoine bochta sa Tríú Domhan, gan athrú suntasach nó réabhlóideach sa chóras polaitíochta agus eacnamaíochta ar fud an domhain. Ach ní dhéanfaidh sé aon dochar ach an oiread.




AER ÁRANN

AERFORT CHONAMARA

Eitiltí Laethúla go dtí Oileáin Árann

Oifig Eolais: Aer Árann
Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán
Facs: 091-593034 & 593054

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca




HOFNAFLÚS Teo,
Casla, Conamara 091-572550

ACM ROOFING

Carna, Conamara
Fón: 095-32251 Faics: 095-32341 Mobile: 088-596868

Saineolaithe ar 'cladding'
Conraitheoirí na nDíon

Fráma Cruach Foirgnimh
Gach sórt earraí iarainn



Tá ACM i mbun oibre le os cionn 20 bliain

MOBILE WELDER

"Níl aon jab ró-mhór
ná aon jab ró-bheag dúinn"

Beidh áthas ar Shéamas Breathnach meastachán
in aisce a chur ar fáil duit

An braon anuas? ... Glaoigh orainn

Fráma Cruach Foirgnimh? ... Glaoigh orainn

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca!

Oireachtas '97



Béal Feirste

24 Deireadh Fómhair – 2 Samhain

*Clár Imeachtaí, Liosta Lóistín
agus gach eolas ar fáil ó:*

Oifig an Oireachtais
6 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

01-4753857 Facs: 01-4758767
Ríomh-phost: oireacht@indigo.ie



Taibhdhearc na Gaillimhe

ÚBÚ REX

Faoi dheireadh tagann Úbú go tír na nGUBU!

Déardaoin 25 Meán Fómhair – Dé Sathairn 4 Deireadh Fómhair 1997
(Níl aon léiriú ar an Domhnach nó ar an Luan)

Tuilleadh eolais ón Taibhdhearc ag
091-562024/563600



Leat féin é seo

TnaG Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe

Dhá shúil
Dhá chluais
Dhá láimh
Dhá chois...

Dhá theanga
Gan amhras!



Údarás na Gaeltachta